

PLÉARÁCA 08

Foilsithe ag Pléaráca Teo ar ócáid na Féile

€4



Leitir Mealláin

Comhar Chúigéal Teo.

Taispeántais Ealaíne

Litir ón mBhuiséil

Obair dheonach i Sri Lanka

Clár na Féile

Anailís ar Ghaeltacht Chonamara

Comóradh ar Báthadh na Trá Báine

RTÉ RAIDÍO NA GAELTACHTA

www.rte.ie/rnag

92 - 94 FM & 102.7FM

Buíochas

Eagarthóir:

Meta Uí Mháille

Fógraíocht:

Caroline Uí Ráinne

Anna Ní Fhlatharta

Meta Uí Mháille

Buíochas:

Tá an t-eagarthóir buíoch do na daoine seo a thug cúnamh leis an ábhar a bhaillú agus a réiteach chomh maith le piosaí a scríobh don iris:

Máire Áine Ní Mháille

John Bhaba Jeaic Ó Conghaile

Caroline Uí Ráinne

Cumann na mBan

Rosaleen Ní Shúilleabháin

Péigí Ní Chonghaile

Donncha Ó hEallaithe

Do Bheartla & Tomás Ó Máille as agallamh a dhéanamh.

Buíochas do gach duine a thug grianghraif.

Do Mhairéad Ní Chonaire a rinne an leagan amach shlachtmhar ar an iris.

Do Chaomhán Ó Scoláir a rinne an póstaer agus clár na féile.

Do Mhicheál Ó Braonáin agus foireann Chlódoirí Lurgan.

Sí an t-eagarthóir atá freagrach as aon bhotún. Ní gá gur ionann tuairimí atá nochtaithe anseo agus tuairimí Phléaráca Teo.

Táimid fíor bhuíoch do na fógróirí. Is fiú tacaíocht a thabhairt dóibh.

Coiste Oibre na Féile:

Caroline Uí Ráinne

Eilín Percin

Pádraig Ó Laoi

Kathleen Ní Dhonncha

Katherine Ní Mháille

John Bhaba Jeaic Ó Confhaola

Mairéad Perkins

Aisling Bairéad

Pól Ó Flatharta

Michael Bairéad

Joe Joe Mac Donncha

Patrick Stephen Ó Flatharta

Joe Bairéad

Siobhán Breathnach

Seán Ó Conaire

Diarmaid Mac Adhastair

Coiste Phléaráca

Buíochas do Raidió na Gaeltachta as ucht an gcúnamh le poiblíocht

Tá Coiste Oibre na Féile buíoch do na daoine seo leanas a thug cúnamh agus tacaíocht:

Na ceoltóirí, ealaíontóirí agus scríbhneoirí uile atá ag glacadh páirt sa bhféile.

An t-Aire Éamon Ó Cuiv

Máirtín Tom Sheáinín Mac Donncha

Máirtín Mac Donncha

John Beag Ó Flatharta

Beartla Ó Domhnaill

PJ & Michael Sonáí Choilm Learaí

Sonáí Choilm Learaí

Eibhlín Sonáí Choilm Learaí

Marilyn Gaughan

Muireann Ní Dhroighneáin

Peadar Peircín

Passtime Chonamara

Cumann na nBan

Tomás Mac an Iomaire

John Bhaba Jeaic

Na Scoileanna áitfúla

Na Fomhóraigh

Danny Wallace

Máire Ní Mháille

Aoife Casby

Neville Rae

Caroline Pugh

Ceara Conway

Peadar Ó Maoláin

Máirtín Mac Donncha

Comhar Chuigéal Teo.

Triona Uí Ráinne

Johney Connolly

Greg Ó Braonáin

Páidí Breathnach

Ceoltóirí Rath Cairn

Comhaltas Ceoltóirí na nOileán

Éanna Mac Cába

Máire Áine Ní Iarnáin

Sarah Ní Mháille

Áine Bairéad

Seán Ó Flatharta

Colm de Bhaldráithe

Tadhg Mac Dhonnagáin

Hedi Gottalmseder

Coiste Seanscoil na Trá Báine

Coiste Spórtlann Thír an Fhia

Muintearas na nOileán

Risteard Mac Aodh

Óst na nOileán

Tigh Phádraig Mháirtín Beag

Steve Cannon

Soreha Ní Chéide

Aerach

An tAth. Éamon Ó Conghaile

Na tithe Ósta a thug urraíocht agus a heagraíodh imeachtaí iontu.

Clár na hIrise

- 2 Eagarfhocal
- 4 Leitir Mealláin
John Bhaba Jeaic Ó Confhaola
- 8 Comhar Chúigéal Teo.
Caroline Uí Ráinne
- 10 Féile Chóilín Sheáin Dharach
Risteard Mac Aodha
- 12 Bliain san oíche aréir a réab na capaill an fál
Meta Uí Mháille
- 17 Obair dheonach i Sri Lanka
Rosaleen Ní Shúilleabháin
- 18 Clár na Féile
- 20 Imeachtaí na Féile
Na Fomhóraigh
John Beag Ó Flatharta
Comóradh ar Báthadh na Trá Báine
Dearc Fhéachaint ar an Saol Nua
Cumann na mBan
Na Timber Tramps
Joe Fury & The Hayride
Sonáí Choilm Learaí
PJ Sonáí Choilm Learaí
- 24 Anailís ar Ghaeltacht Chonamara
Donncha Ó hEallaithe
- 30 Litir ón mBruitseil
Peigí Ní Chonghaile
- 32 "Go Maire tú an Céad" agus tá sé déanta aici



Eagarfhocal

'Caomhnú' an focal is mó atá le cloisteáil na laethanta seo. Caomhnú teanga, cultúr, dúlra, ceantair, cósta, éisc, talamh, cnoic, farraige agus portaigh, agus tá siad seo ar fad tábhachtach agus fite fuaite lena chéile.

An chearc fhraoigh an rud is déanaigh atá curtha leis an liosta agus caithfear tús áite a thabhairt di anois is cuma céard a tharlóidh do dhuine ná do bheithíoch. Seift eile leis an táime deirneach a chur i gconradh saol na tuaithe agus leis an tslí mharachtála a chleacht na daoine leis na céadta bliain, muintir na tuaithe an dream a chaomhnaigh na nithe tábhachtacha seo mar gan caomhnú ní bheadh slí mharachtála acu agus is fadó an lá a bheadh an áit bánaithe. Ní mórán cúnamh, cabhair ná aitheantas atá fáighte ag na ceantair a chaomhnaigh an Teanga go dtí seo, cuid de na ceantair anois a bheas buailte ag na rialacha is deireanaí seo. Más banú agus deireadh le slí mharachtála thraidisiúnta mhuintir na tuaithe an toradh a bheas ar an gcaomhnú seo, cé dó a bhfuiltear á chaomhnú?

Má chaitheann feirmeoirí caorach na caoire a ghlanadh de na cnoic ar feadh chúig mhí den bhliain caithfidh siad iad a dhíol agus cosúil leis na hiascairí beaga sin é an deireadh. Tá chuile sheans nach bhfaca ná nar chuala an dream atá ag leagann síos na rialacha seo cearc fhraoigh riamh.

Bhí mé ag cur tuairisce le roinnt daoine aosta as ceantair éagsúla faoi seo, agus bhí siad ag rá nach i chuile cheantar sléibhe a bhíodh an chearc fhraoigh. Níor chuala mé féin cearc fhraoigh riamh san áit a tógadh mé cé nach mórán caoire a bhí ann. An baile ina bhfuil mé i mo chonaí anois ó 1971 agus ar chuala mé an chearc fhraoigh den chéad uair riamh, tá sí le cloisteáil san áit céanna gach bliain, níl méadú ná laghdú tagtha ar an méid uaireanta a gcloiseann tú í ná ar an méid acu atá ann ach oiread. Áit é seo a mbíodh go leor caoire riamh ach is fíor bheagán daoine atá anois ag coinneáil

caoire ná beithigh, go mór mór ó tháinig borradh faoi thionscail na tógála. Leis an maolú atá tagtha ar an tionscail sin anois, is iomaí duine a bheadh arís ag coinneáil cúpla caora agus beithíoch mar chaitheamh aimsire muna mbeadh tada eile ann.

Cé air a bhfuil an mhilleán le cur faoi an scrios ar fad atá déanta?

Sna 70aidí ní raibh aon bhealach chun cinn don tír seo ach coillte. Thuig muintir na tuaithe go mbeadh tionchar aige seo ar an iasc agus ar na haibhneacha, go mór mór an leasú a bhí á chur amach agus ag sileadh isteach san uisce, bhí go leor de na coillte seo plandáilte ar bhruach aibhneacha, ach céard a bheadh fhios ag muintir na h-áite. Le dul leis seo tugadh faoi fheirmeoireacht éisc, airgead scioptha agus deontais mhóra le dul leis. Thug sé fostaíocht ar feadh tamaill do mhuintir na h-áite, ach idir na coillte agus na feirmeacha éisc cuireadh deireadh leis an mbreac nádúrtha agus leis an turasóireacht chomh maith leis an teacht isteach a bhain mhuintir na h-áite as, más ar scála beag féin é. Cé atá ag breathnú amach don iascaire beag atá fágtha gan slí mharachtála? Ach is cuma faoi is cosúil. Ba de réir na caorach agus an bheithíoch a bhí na deontas stoic ón Eoraip. Líonadh na cnoic le caoirigh, bhí sé soiléir don dall nach raibh na cnoic in ann é seo a sheasamh, ach dúirt na saineolaithe gurbh é sin an bealach chun cinn.

Bhí deontais le fáil agus caitheamh na mílte tonna leasú as an aer ar cnoic le na ndéanamh glas. Meastú an raibh aon tionchar aige seo ar an gcearc fraoigh? Nó ag na línte leictreachais agus ag na crainn cumarsáide gan caint ar an damáiste a dhéanann an loscadh sléibhe atá ag éirí níos measa gach bliain. Ní bhíonn aon chaint ar chaomhnú nuair is forbairt agus rachmus atá i gceist. Is beag tinneas atá sé a dhéanamh do John Gormley an scrios atá á dhéanamh den

láthair thábhachtach seandálaíochta i lár tíre, ná an tionchar a bhíos ag an bhforbairt atá ar siúl ag Shell i Muigh Eo ar an timpeallacht agus ar mhuintir na háite. Má bhíonn tú ag dul bealach an Tí Dhóite go luath ar maidin, ní i tréad caorach a chasfar ort níos mó, sé an Fia Rua is túisce a fheicfidh tú. Cé as a dtáinig siad? Bhfuil siad seo ná an dream a bhíonn á bhfiach ag déanamh aon dochair den chearc fhraoigh? Ní facthas an minc san áit seo go dtí le cúpla bliain, níl cearc na lacha fágtha acu ag an gcúpla duine a bhí dhá gcoinneáil gan fhíos cé na héin eile agus ainmhithe fiáine atá siad a mharú. Cén chaoi a mairfidh muintir Chonamara gan móin, móin an t-ábhar tine a bhí i gConamara riamh, cosúil leis na caoire agus an cúpla beithíoch. Bhí siad ag brath go mór uirthi. Ní inniu ná inné a tuigeadh go gcaithfidh caomhnú a dhéanamh ar an bportach, rud a déantaí, bhíodh an scrath le gearradh agus le socrú ceart ar ais sa laghportach le fás arís de réir a chéile. Tá scrios aisteach déanta ag an meaisín móna an "sausage machine" mar a tugtar uirthi. Cá raibh na saineolaithe nuair a tugadh deontais le na n-aghaidh seo le criathraigh a mhilleadh. Is cosúil anois nach mbeidh cead móin a bhaint ón mbliain seo amach, cé nach bhfuil an dream atá á rá in ann soiléireacht ceart a thabhairt ar seo. An gcuirfear deireadh le Bord na Móna? Leis an gcostas mór atá ar ola bhí daoine ag fillleadh arís ar bhaint móna. Ach oiread leis an gcaitheamh ar na cnoic, ní raibh an oiread céanna móna á baint le blianta fada is a bhíodh. Is dóigh liom nach bhfuil aon duine i gcoinne caomhnú ach é a bheith féaráilte.

Caithfidh teas a bheith againn cuid mhaith den bhliain, is cuma céard a dhóinn muid beidh an tionchar céanna aige ar an timpeallacht, an difríocht a dhéanfaidh sé go mbeidh cáin á íoc againn ar aon ábhar a cheannóidh muid. Cearca Fraoigh - tá muid imithe sna cearca fraoigh má ligeann muid le cultúr agus le slí mhaireachtála nádúrtha na tuaithe.



Guíonn

Oireachtas na Gaeilge

gach rath ar

Phéile Phléaráca Chonamara

GACH EOLAS
OIFIG AN OIREACHTAIS, 6 Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath 2, Éire
Fón: + 353 1 475 38 57 Facs: + 353 1 475 87 67
Riomphost: eolas@antoireachtas.ie Idirlíon: www.antoireachtas.ie

FAIGHEANN
Oireachtas na Gaeilge
deontas ó  Foras na Gaeilge

Leitir Mealláin le John Bhaba Jeaic Ó Confhaola

Tá Leitir Mealláin suite siar ó Gharmuna. Ceantar cósta atá an-fhiáin ar a bhfuil go leor oileáin. Tá an talamh bocht ach bhí neart saothrú le baint i gconaf as an bhfarraige. Sé Foirnis agus an Chrapach na h-oileáin is mó. Daighnis, Inis Oirc, Fraoch Oileán Beag agus Fraoch Oileán Mór, Ceann Golaim agus Oileán Chaisín.

Tá sé nó seacht de oileáin bheaga thimpeall an cheantair. Bhíodh go leor smugleáil ar siúl ann fadó. Ceantar mór poitín, iascaireacht agus déanamh ceilpe an tslí mhaireachtála a bhí ag na daoine, bhí neart sliogéisc freisin le fáil sna cuanta. Púcáin agus báid iomra is mó a bhíodh sa gceantar le haghaidh baint fheamainne i gcomhar leasú fataí.

Tús ama:

Tosaíonn stair Leitir Mealláin i 1574 le 'Ochaghy' (O Flátharta).

Moragh Mac Aodh:

Tá cáipéisí ann a léiríonn go raibh Moragh Mac Aodh ina chonaí sa gceantar i 1584. Thóg sé Caisleán ann, ó dheas do Reilig Chúigéil. Ceaptar gur maraíodh i gCath Chionn tSáile é agus gur ag nia leis a fágadh an caisleán atá leagtha ó shoin.

Tower Cheann Golaim:

Tógadh Tower Cheann Golaim in 1804 ar Oileán Gholaim, 'Martello Tower'. Sé 'Rear Admiral Whitshed Flagannon' a leag amach an phlean le haghaidh é a thógáil. Sé bliana a thóg sé orthu an tower atá trí stóir ar airde a thógáil ar chostas £540.

Bhí na túir seo tógtha timpeall an chósta mar a raibh feiceáil ar aon chontúirt a bheadh ag teacht ón bhfarraige agus bhí córas acu leis seo a chur in iúl dá chéile. Dá bhfeicidís aon bhád ag teacht chrochadís bratach mór bán, mar a bheadh seol ann, d'fheicfeadh an tower eile a bhí i nÁrainn an bratach agus chrochadís sin bratach go mbeadh a fios ag muintir Co. an Chláir go raibh an naimhaid ag teacht.

Sloinnnte:

Léirigh suirbhé a déanamh i Leitir Mealláin in 1829 gur Audley, Bairéad, Ó Flatharta, Mac Donncha, Peircín, Ó Tuathail agus Breathnach na sloinnnte a bhí in san gceantar. Ba é Nioclás Ó Loingsigh an Tiarna Talún ag an am.

Henry Commerford:

I 1840 tháinig Henry Commerford go Leitir Mealláin mar Thiarna Talún, ar Leitir Mealláin agus ar na h-oileáin timpeall. Ba fear mór gnó a bhí ann i nGaillimh agus freisin i Leitir Mealláin.

Cheannaigh Henry Commerford an Brig St. John, le airgead a dhéanamh as a bheith ag rith paisinéirí go Meiriceá, agus ag tabhairt tae, siúcra, tobac agus gach ní a theastaigh le h-aghaidh siopaí i Leitir Mealláin agus i nGaillimh ar ais.

An Brig St. John:

Ar an 5 Meán Fómhair 1849, d'fhág an Brig St. John Gaillimh le haghaidh a thabhairt go Meiriceá. Thóg sí daoine i Leitir Mealláin ar an mbealach. Bhí 166 duine ar bord ach chríochnaigh an turas go tubáisteach. Chuaigh an Brig St. John ar na carraigeacha amach ó chósta Chohassat ar an 7 Deireadh Fómhair 1849. Dhá dhuine is fiche a tháinig slán asti. Bhí cur síos sna páipéir áitiúla ar an tragóid, san *Galway Observer* agus sa *Freeman's Journal*. Tá tuairiscí faoi an tragóid freisin ag lucht an árachais *Lloyds* i Londain.

Rankine:

Bhí fear cáilúil ag fanacht i mBaile na Cille, 'Rankine' a bhí air, agus is ag múineadh ceird na hiascaireachta do mhuintir an cheantair a bhíodh sé. *Rankine's Pass* a bhí air an áit a bhfuil droichead Chuigéil anois. Tá Cora Rankine ó thuaidh do Óst na nOileán. Ba aige a bhí an tÓstán *Hotel of the Isle's*, Óst na nOileán anois. Bhí trí Bhrig ag Rankine agus bhíodh sé ag tarraingt daoine go Meiriceá agus go Ceanada

Daonra Leitir Mealláin:

	1831	1891	1841	1901	1951	1971	2006
CRAPPAGH	39	31	0	0	0	0	0
DINISH	74	50	59	56	35	12	0
FURNISH	135	130	155	103	85	68	65
LEITIR MEALLÁIN	626	549	587	533	320	221	213
INISERK	47	40	49	32	29	13	0
	941	800	950	724	469	314	278



Pics. le John Bhaba Jeaic

Thuas: Jack Cluanáinn, Maltais Bairead & a mhac Mark & a Iníon Catherine.
(Fuair Mark Barrett bás i mí Aibreán na bliana seo. Go ndéanamh Dia trócaire air).

Thíos: Bidín a' Chlochartaigh nó Delia Cloherty
— file & amhránaí

mhuintir na háite. Bhí an *Duke of Edinburgh* ar bord a deirtear agus thug sé éadach agus bia do mhuintir na háite.

An Julia:

I 1886 bhuail an "Julia", bád a bhí lochtaithe le adhmaid, carraig ag Tower Ceann Golaim. Tháinig báid as chuile áit ag tabhairt leo an adhmaid, ach bhí an mí-ádh orthu. Bhí an Garda Cósta ag tabhairt aire don bhád agus thosaigh said ag caitheamh urchair. Caitheadh fear as an Aird agus goineadh fear as an Oileán Maiseán agus fuair sé bás sul má shroich sé baile.

Bhí bád seoil a d'fhág fear ina diaidh. Bhí an fear ag saigh amach sail adhmaid nuair a thosaigh urchair á gcaitheamh. Ní raibh ag an dream sa mbád ach an bád a chuir chun seoil agus imeacht leo. Tháinig siad á dtoraíocht lá arna mháireach agus fuair siad ina bheatha é fós ar an tsail, siar ag Carraig a' Meacain.

Colm Trayers:

Bhí Colm Trayers ag tógáil 'Nobbies' i gCúigéil. Thóg sé cheithre nobby ann ó 1886 go dtí 1902 – "St. Festus" (1899), "St. Columcille" (1899), "St. Ronan" (1901) agus an "Lettermore" (1902).

Nobbie's:

Bhí nobby eile in Inis Oirc ag Joe Mhaitias Ó Flatharta, an "Brigid Head". Fuair sé í i 1923 agus bhí ceann sa Trá Bháin ag Na Ceallaigh – An Naomh Ríocht. Ach an Nobby deireanach a bhí i gceantar na hOileán, ba ag Máirtín Bhearthlín Ó Conghaile as an Teach Mór agus a mhac Peaitín a bhí sí – An Colmcille. Bhí sé ag tarraingt stuif aimsir an Dara Cogadh Domhanda ag na siopaí áitiúla, agus ag Monica Beag i dTír an Fhia. Thit sí i Leitir Mealláin ag tús na 50aidí.

Báid eile:

Bhíodh bád ag teacht go Cuan Inis Oirc an "Alice Swifter" ag tógáil gliomaigh. Ba le Scallán as Baile Uí Bheachain í. Bhí Bearthla Gill ina Chaptean uirthi agus bhí John Dirane, Stíofán Stephen agus Micheál Ó Cualáin inti freisin. Bád 50 troigh, bhí seolta agus inneall inti. Bhíodh sí ag teacht sna 40aidí agus 50aidí.

Salt House:

Bhí teach salainn san áit a bhfuil Teach an Phosta anois le haghaidh iasc a shaille, Tí Khate Keane. Tá tagairt dó san amhrán Peigín Audley.

An "Wellington," an "Midas" agus an "Victoria" an t-ainm a bhí ar na trí bhád. Thug an "Wellington" an chéad turas go St. John's i New Foundland i 1846 agus ba é an Captaen Carry an captaen a bhí uirthi. Thug an "Victoria" turas go St. John's i 1846 faoi stiúir an Chaptaen Price agus an "Midas" i 1847 faoi an gCaptaen Stitt.

Máirtín Mór Mac Donncha:

Tháinig Máirtín Mac Donncha as an Talamh Bán go Oileán an Chrapaigh i 1855. Phós mac leis, Réamonn (Réamonn Mhór) Kitty Ó Flatharta. Bhí mac acu ina shagart, an tAthair Réamonn Mac Donncha a rugadh i 1841 agus a fuair bás i 1914 in Uachtar Ard. Bhí mac ag Mary Mac Donncha (deirfiúir do Réamonn Mór) as an gCrappach agus Michael Commerford, an tAthair Isaac a rugadh i 1859 agus a fuair bás i 1886. Tá sé curtha thíos in Inis Stiomáin. Bhí deirfiúir ag an Athair Isaac, Kate. Phós sí Tom Conroy as Rosmuc, athair an scríbhneoir cáiliúil Sean-Phádraig Ó Conaire.

An tAth. Marcus Ó Conaire:

In 1884, tháinig an tAth. Marcus Ó Conaire go Leitir Mealláin. Rugadh an tAth. Marcus i Rosmuc i 1858. Ba chuide de Chonroy's an tsiopa é. Bhí ar Séipeal agus Scoil nua a thógáil i Leitir Mealláin agus teach do mhuinteoir scoile. Bhí airgead an-ghann ag an am. Thóg sé an Séipeal i 1887 agus an scoil ag an am céanna.

Cuireann an tAthair Marcus síos ina a chuid scríbhíní ar bád a tháinig go Cuan Chaisín, an "Valarie", a bhí uirthi le haghaidh fórait a dhéanamh ar



Pics. le John Bhaba Jeaic

Thuas: Peaitín Sheáin Mac Donncha, Máire John Uí Chualáin, Baba Seoighe (Bean Pheaitín Sheáin), Péige John Mhaoile, Sonai Joe Audley, Pat Sheáin Ainde.

Thíos: Pat Sheáin Ainde Mac Donncha

Droichead Leitir Mealláin & Gharumna:

Tógadh droichead idir Leitir Mealláin agus Garumna i 1903 ar chostas £130. Chosnaigh sé £3,585 na bóithre agus na droichid eile a dhéanamh isteach go ceantar Leitir Mealláin.

An Daingean: £415 a chosain Droichead an Daingin lena thógáil.

Ruairí Mac Easmuinn 1910 – 1916: Rinne Ruairí Mac Easmuinn obair mhóir ar son Cheantar na n-Oileán. Thug sé na meáin siar le haghaidh an bhochtanaís a thaispeáint dóibh.

Bhreachnaigh sé amach do na gasúir scoile agus bhailigh sé airgead don dream bocht i gCeantar na n-Oileán. Bhíodh sé ag fanacht i nOstán na n-Oileán.

An Chéad Chogadh Domhanda:

Bhí go leor fir as Leitir Mealláin ag tróid sa gcéad Chogadh Domhanda, Jack Cluanáinn, Colm Cluanáinn, Máirtín Ó Direáin, Michael Pheadair Ó Laoi. Colm agus Máirtín Ó Bearra.

Tá Colm Ó Bearra curtha i dTeampall Cuimhneacháin i Somme na Fraince. Fuair sé bás ar an 3 Meán Fomhair 1916, le linn dó a bheith ag troid i Guillemont na Fraince.

Maríodh fear eile Colm Ó Flatharta as Daighinis ar an 11 Samhain 1917, aois 33 bliain, tá sé curtha i Portsmouth i Sasana.

Scríbhneoirí:

Ar na scríbhneoirí a tháinig as an gceantar, bhí Peadar Ó Direáin a scríobh na leabhair 'Scéalta na n-Oileán agus scéalta Leitir Mealláin.'

Tá lear mór leabhair foilsithe ag Colm Ó Ceallaigh. Tá cáil mhór bainte amach ag Antaine Ó Flatharta mar scríbhneoir. Scríobh Pádraig Mac Donncha agus Pádraig de Bhaldratthe leabhra freisin. Tá cáil domhanda agus gradam Oscar bainte amach ag Martin McDonagh lena chuid dramaí. Ba as Leitir Mealláin muintir Mhartín agus chaith sé fhéin píosaí móra i Leitir Mealláin nuair a bhí sé ina ghasúr.

Filí:

Bhí filí maith sa gceantar freisin, Colm de Bhailís, Baba Seoighe, Bidín a' Chlochartaigh, Nan Seoighe as an gCnoc, Páidín Bheartla Val as Pol Uí Mhuirín.

Lucht Leidhis:

Bhí fear deasú cnámha a raibh cáil mhór air, Máirt Mhicil Phatch Ó Mochán agus a dheartháir Seán. Thagadh daoine as chuile áit in Éireann go dtí é le haghaidh leigheas, bhí sé thar barr. Bhí Josie Bheathlín Joe Ó hEidhin ón gCnoc ag tógáil cléithín.

Báthadh 1938:

I mí Lúnasa 1938 bádhadh triúr fear as Árainn a bhí tar éis a theacht as Cruach Phádraig. D'fhág siad Leitir Mealláin ag a sé a chlog ar maidin. Ní raibh siad míle amach as Leitir Mealláin nuair a báthadh an bád. Bhí máistir scoile, Micheal J. Flannagan, príomhoide Scoil Eoghnachta in Árainn, Séamús Ó Flaithearta agus John Ó Direáin ar bord.

Bhí leath chéad punt le fáil ag aon duine a gheobhaidh corp an mháistir a fháil, ach ní bhfuair ná aon duine acu riamh.

Monarcha Cníotála:

Bhíodh monarcha cniotála i mBaile na Cille sna 40aidí. Chuaigh sé tré thine agus níor aththógadh é ina dhiaidh sin.

An Watch House:

Tógadh an "Watch House" i gCaladh Gholaim sna 40aidí le linn an dara Cogadh Domhanda. Is ann a bhí an chéad fón i gCeantar na n-Oileán.

Óst na nOileán (Tigh Lee)

Leitir Mealláin, Co. na Gaillimhe

ÓSTÓIR

Fón: 091-551161



Síneadh ama sa mBeár

Go n-éirí go geall leis an bhFéile

Comhar Chuigéal Teo.

Bunaíodh Comhar Chuigéal Teo. sa bhliain 1999, ar éileamh ón bpobal agus mar thoradh ar chruinniú poiblí a eagraíodh chun plé a dhéanamh ar an easpa forbairt agus áiseanna a bhí sa cheantar. Bhí an millennium buailte linn agus é soiléir faraor go raibh an ceantar seo ag dul i ndiaidh a chúil in áit dul chun cinn. Bhí dearmad déanta orainn, ceantar ina raibh pobal le poitéinseal iontach agus acmhainní nádúrtha againn ar leac an dorais. Ba fhurasta labhairt ar na fadhbanna a bhí againn ach bá dúshlán eile theacht ar réiteach orthu. De bharr easpa eolais agus taithí sna réimsí seo, thuig muid láithreach go mbeadh gá againn le cúnamh, comhairle agus treoir le tosú fiú amháin. Tar éis vóta d'aon ghuth déanadh cinneadh, iarradh ar Phól Ó Foighil theacht ar ais sa cheantar agus cuidiú linn. Ghlac Pól leis an gcuireadh agus go dtí an lá atá inniu ann níl aon amhras ar an pobal céanna ach gurb é an cruinniú poiblí sin sa Scoil Náisiúnta a chur Leitir Mealláin ar ais ar an mapa agus a spreag misneach agus muinín an phobail.



Comhar Chúigéal Teo.

Tá Comhar Chuigéal Teo. inniu mar chroí an cheantair ag freastal ar riachtanaisí an phobail idir sean agus óg. Tá Ionad cúram leanaí don scoth ag feidhmiú ina bhfuil Naíolann agus Naíonra chun freastal ar gach réimse cúram leanaí. Tá áiseanna breise san Ionad céanna ag freastal ar ranganna / cúrsaí éagsúla ar nós ríomhaireacht, cúram leanaí, agus Cuntasáíocht.

Tá Ionad pobail ilghnéitheach ar an suíomh céanna, ina bhfuil Oifig an Comharchumainn, Halla pobail, Ionad lae don aosach, Ionad seirbhísí teanga agus Ionad atá áinmnithe mar Ionad sláinte rua don cheantar. Bíonn réimse leathan imeachtaí ar siúl san Ionad ar bhunús laethúil agus an Halla pobail faoi lán tseoil cúig oíche sa tseachtain.

Tá Coláiste Gaeilge láidir ag feidhmiú sa cheantar i rith trí mhí an tSamhraidh. Fiú

leis na háiseanna ar fad a thugtar dóibh tá éileamh ar bhreis spás, chun freastal ar an líon mór daltaí atá ag iarraidh freastal ar an gColáiste. Tá sé beartaithe ag Comhar Chuigéal Ionad eile a thógáil a bheas dírithe go hiomlán ar chúrsaí Gaeilge ar feadh na bliana.

Tá saibhreas luachmhar béaloidis thart sa cheantar agus gá práinneach go ndéantar é a sheachadadh ar aghaidh go dtí an chéad ghlúin eile. Tá coiste oidhreachta bunaithe chun tús a chur leis an sprioc seo agus é mar aidhm acu go mbeadh Ionad oidhreachta sa cheantar chun go mbeadh an t-eolas seo ar fáil don phobal lena mbaineann sé. Cinnte is áis luachmhar a bheadh ann chun turasóirí a mhealladh.

Tá an chéad phas do uasghrádú scéim uisce loch Hibirte tagtha chun críoch agus muid ag díriú anois ar phas a dó. Is togra riachtanach é seo don 500 teaghlaigh a

bhfuilimid ag cur soláthar uisce ar fáil dóibh, agus dar ndóigh muid ag díriú isteach ar chúrsaí turasóireachta agus tograí chun forbairt a dhéanamh ar eacnamaíocht an cheantair seo.

Tá forbairt suntasach déanta sa cheantar, agus muid níos díograiseach inniu ná mar a bhí i 1999. Roghnaigh an pobal muid chun jab a dhéanamh agus chun a chinntiú nach ndéanfar dearmad arís orthu maidir le cúrsaí forbartha agus fás. Go dtí an lá atá inniu ann níor lig muid síos iad, ach níl deireadh tagtha leis an obair fós.

Anois tugaim cuireadh díobh theacht go dtí Féile Pléaráca 2008 i Leitir Mealláin agus feicfidh sibh féin an fhorbairt atá déanta ag pobal aontaithe, coiste díograiseach agus dár ndóigh Ceannaire láidir dílis, a sheas linn go dtí an lá dorchá sin ar an 21ú Marta 2005 nuair a d'fhill sé ar shlí na firinne. Feicfidh muid ann sibh !!!!!!!

CAOL DÍREACH...

go ceann scríbe!

gaeilge.ie

THE IRISH
LANGUAGE
SUPERHIGHWAY

An Ghaeilge The Irish Language	Foghlaim Learning	Úsáid Using	Eolaire Directory	Foras na Gaeilge Foras na Gaeilge
-----------------------------------	----------------------	----------------	----------------------	--------------------------------------

Nígs dul amú a thuilleadh. Tá bealach glan romhat. Dé eolas atá uait faoin nGaeilge agus a mbaineann léi, éascóidh www.gaeilge.ie do thuras.

Féach go speisialta inneall fógraíochta NASC, áit gur féidir leat:

- cúrsaí/imeachtaí a fhógairt nó a iarraidh,
- do shainpéis a chlárú (chun nod a thairt nuair a bhíonn eolas nua faoi ar an suíomh), nó
- a bhfuil ar fáil i do cheantar féin a chuartú.

Tabhair cuairt agus glac páirt sa Chomhar Chuigéal Teo inniu!

No roundabouts here. Let the information superhighway take you where you want to go with the Irish language. Just log on to www.gaeilge.ie for the quickest route to the information you need.

Check out the NASC classified ads where you can:

- post an ad to request or advertise a course/event,
- register your area of interest to get alerts when new info is posted, or
- search for what's available in your neighbourhood. And much more.

It's never been easier to connect with the Cyber-gaeilge!

gaeilge.ie

do nasc leis an teanga
your link to the language

 Foras na Gaeilge

T: 1850 325 325 / 0845 309 8142 (T.É.) E: eolas@forasnagaeilge.ie

Ciarán Ó Conaire (Tom)

Sáile Laoi,
Ros Muc

Córais Teasa agus
Pluiméireachta

Cur isteach
agus Coiriú

087-9077759



Nioclás Ó Conchubhair Teo.

Rogha agus Seirbhís den Scoth

Quality Choice Service

Leitirmóir, Co. na Gaillimhe
Fón: 091-551 114
Faics: 091-551 258

Casla, Co. na Gaillimhe
Fón: 091-506 111
Faics: 091-506 044

Ábhar Tithíochta, Pluiméireacht, Leictreach,
Meaisín Níochán, Soirn, Crua Earraí, Péint & srl.

Féile Chóilín Sheáin Dharach

Bunaíodh coiste beag i Mí Deireadh Fómhair, 2001, chun comórtas damhsa a chur ar siúl in ómós do Chóilín Seoige as an gCladach Ó Dheas, a cailleadh Bealtaine na bliana sin. Ba é rún an choiste, ná comórtas damhsa a chur ar siúl cosúil leis an gcomórtas in ómós do Mháirtín Beag Ó Gríofa a bhíodh ar siúl ar an gCeathrú Rua ag an am.

Is iomaí comórtas damhsa sean-nóis a bhíodh ar siúl ag na féilte i rith an tsamhraidh i gConamara faoin am sin, agus ceapadh gur cheart béim a chur ar an jig "Connachtman's Rambles", mar ba nós le Cóilín an port sin a iarraidh ar na ceoltóirí nuair a bhíodh sé ag damhsa.

Ó tógadh an cinneadh sin seacht mbliana ó shin, tháinig fás uaibhreach ar an gcomórtas damhsa ó bhliain go bliain. Is fearr le cuid de dhamhsóirí Chonamara fanacht taobh le ríleanna "Miss McLeod's" nó "The Sally Gardens." Ón tús tháinig damhsóirí eile ón taobh amuigh den Ghaeltacht chun freastal ar an bhféile agus páirt a ghlacadh sa gcomórtas. Mar shampla, ghlac damhsóirí as Béal Féirste, Sligeach, Corcaigh, Doire agus as Ciarraí páirt sa gcomórtas thar na mblianta, agus tháinig triúr ó Stáit Aontaithe Mheiriceá arís i mbliana den tré huair chun dul san iomaíocht. Ina

theannta sin, i mbliana den chéad uair ó thús na féile, níorbh as Conamara an té a bhuaigh an comórtas ... Paul Moran!

Bíonn an halla lán go doras leis an lucht féachana agus bhí ón tús. Dá bhrí sin, aistríodh an comórtas go Coláiste Chuimhneacháin An Phiarsaigh, foirgneamh a h-oscailíodh sa bhliain 2006. Ar ndóigh, meallann Comórtas Chóilín Sheáin Dharach a bhíonn ar siúl oíche Dé Sathairn na sluaite gach bliain. Freastalaíonn slua mór freisin, idir óg agus aosta ar chomórtas na ngasúr trathnóna Dé Domhnaigh. Sin imeacht atá tábhachtach i measc páistí scoile. Táthar ag cur le h-imeachtaí na féile gach bliain agus is féile trí lá le clár leathan imeachtaí chultúrtha an fhéile anois. Canann na hamhránaíthe sean-nóis is fearr sa cheantar an liotúirge ag an Aifreann Domhnaigh. Ar chuid de na h-imeachtaí eile a bhíonn ar siúl bíonn damhsóirí ag damhsa ar an leathdhoras agus ar bhairille. Bíonn léacht ar an Domhnach faoi dhuine as Ros Muc a bhain cáil amach. Tugadh ómós i mbliana do Chaitlín Maude, file, amhránaí, aisteoir, a bhí gníomhach ar son na teangan, a fuair bás sa bhliain 1982.

Tabharfar ómós sa bhliain 2009 do John Pheaitín Tom, dornálaí a throid le Mike McCallum i Madison Square Garden, i Nua Eabhrac i 1985, chun seaimpín dornálaíochta dhomhanda sa trom-mheachán a bhaint amach.



Tom Moran a tháinig sa dara háit sa gComórtas 2008
Beidh Féile Chóilín Sheáin Dharach 2009 ar siúl ar an 23, 24, 25 Eanáir 2009.

Tá an fhéile seo ag dul ó neart go neart gach bliain agus tá aghaidh go leor daoine ar an bhféile i Rosmuc. Tá go leor do mhuintir Chóilín Sheáin Dharach ina gconaí sa gceantar agus tá an t-aitheantas a bhí tuillte aige á fháil anois.

T. Ó Máille Teo

Ros Muc 091-574101

Grósaer, Crua-earraí,

Soláthraí Tógálaithe

Éadathóireacht



Gach rath ar obair Phléaráca ar feadh na bliana

Bank of Ireland

CALOR GAS

post

National LOTTERY

Cúrsaí Nua

Tá Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge ag tairiscint na gcúrsaí seo a leanas i réimse na dTaibh-Ealaíon:

Dioplóma sna Dána (Cóiriú agus Stáitsiú an Cheoil) (láncaimseartha)

Dioplóma san Aisteoireacht (páirtaimseartha)

Ard-Dioplóma sa Drámaíocht (páirtaimseartha)

Breis eolais le fáil ó:

Máire Áine Ní Chinnéide, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe.

Teileafón: 091 595101, Fón Póca: 087 9080194

R-phost: marianne.nichinneide@oegaillimh.ie

Idirlíon: www.acadamh.ie



ACADAMH na hOllscolaíochta Gaeilge

DESIGN BY WWW.MACROMARKETING.IE

Bliain san oíche aréir a réab na capaill an fáil

Beartla agus Tomás Ó Máille, ag cur síos do Mheta Uí Mháille ar a saol, ar a muintir agus ar na caiple a gcaitheann siad a gcuid ama ar fad leo anois.

Is iomaí rud ar bhain Beartla agus Tomás Ó Máille punt as go dtí seo. Ní aon ionadh go bhfuil siad in ann athrú treo a thógáil nuair a theastaíonn sin a dhéanamh mar ba fear an fhad-bhreathnóidh a bhí ina n'athair Máirtín Ó Máille. Nuair a chonaic seisean go raibh deireadh ag teacht le trádáil ar an bhfarraige agus níos mó agus níos mó lorráithe le feiceáil ag díol mhóna i gCinn Mhara san áit a mbíodh sé ag rith móna lena bhád ar feadh blianta fada, shocraigh sé fhéin an rud céanna a dhéanamh. D'athraigh sé leis an saol agus thóg sé an cinneadh tús áite a thabhairt dhá chlann freisin. Is ag plé le caiple a bhíonn Tomás agus Beartla go lánaimseartha anois agus is iomaí áit ar fud an domhain a bhfuil capall dá gcuid le fáil agus aithne mhór orthu, go mór mór i Meiriceá, de bharr na gcapaill. Chuir Tomás agus Beartla síos dom ar a muintir, ar an gcineál oibre a mbíodh siad fhéin ag plé léi, ar na blianta a chaith Tomás ar an mbeet agus ar an sásamh atá siad a bhaint as an obair a bhfuil siad ag plé leis anois go lánaimseartha, ag tógáil Caipillíní Chonamara.

Tomás: Máirtín Ó Máille a bhí ar m'athair as Doire Fhearta. Máirtín Phádraig Uí Mháille. Isteach as Muigh Eo a tháinig a bhúnú ar dtús, as *Newport*, aimsir an droch shaoil. Bhí seachtar deartháir acu ann, d'imigh duine acu agus phós sé ar an Lónán agus duine eile ar an bhFaiche. Tháinig cuid eile acu go Conamara, agus chuir siad fúthu in Eanách Mheáin, ar an Máimín, i mBéal an Daingin agus phós duine eile acu Máilleach eile thoir ar an gCloch Mhóir. Is mar sin a tháinig na Máille don taobh seo tíre. Ba as an gCnoc muintir mo Mhathar, Hynes a bhí uirthi. Bríd Joe Mhaoile Pheatsa. Bhí beirt deartháir ag m'athair agus triúr deirfiúir, chuaigh an bheirt deartháir agus an deirfiúir ab óige go Meiriceá.

Bhí seisean againne sa gclann, Pádraig an duine is sine, tá sé ina chónaí gar dhúinn, Máire atá i Meiriceá, Nóra atá ina cónaí linn fhéin, Joe a bhásaigh ina pháiste, agus sé Beartla an páiste. Fuair deartháir linn Joe bás leis an triuch agus gan é ach ina ghasúr óg, rud a tharlaíodh go minic fadó. Sin é an t-am a mbíodh Fr. Connolly ag dul thart, is dócha gur chuala tú caint air, bhíodh sé rá, duine ar bith a dhéanadh poitín nó a d'óladh é go mbeadh mallacht air. Bhí teach eile ar an mbaile a raibh gasúr go dona tinn ann freisin leis an triuch,

tháinig bean an tí go dtí mo mháthair, 'Cibé céard a déarfadh Fr. Connolly,' a deir sí, 'tabhair spúnóg poitín don pháiste agus déanfaidh sé maith dó' - leigheas sé a gasúr fhéin a raibh an triuch air freisin ag an am - ach níor mhaith le mo mháthair é a dhéanamh. Bhíodh an oiread faitís roimh shagart an t-am sin. Cailleadh an páiste, Joe a bhí air. Ag obair leis an bhfarraige a bhíodh m'athair, ag rith móna soir go Co. an Chláir. Bhí sé fhéin agus a cholceathrar, Paddy Mhaidhc Ó Máille, tamall fada blianta ar an obair sin. Bhí bád mór aige a cheannaigh sé i Rosmuc, **An Búrcach** an t-ainm a bhí uirthi. Ba ó na Búrca i Rosmuc a ceannaíodh í. Bhí sí blianta aige. Díoladh í le Jimí an Oileáin as an Oileán Mór, agus bhí sí i bhfad ag Jimí ag tarraingt mhóna in éineacht le colceathrar dó, Cóilín Sheáin Antaine. D'fhéadfadh sí a bheith díolta aige ach níor mhaith leis fáil réidh léi, thit sí sa deireadh ar an Oileán Mór. Nuair a tháinig athrú ar an saol ansin, bhí m'athair ag ceannacht mhóna agus ag *hireáil lorries* lena tabhairt soir. Bhí sé sin ceart go leor ach b'fhéidir scaití dá mbeadh fear an lorráí gnóthach go mbeadh sé piosa ag fanacht leis. Ach an oíche seo duirt sé le mo mháthair go raibh sé fhéin ag cuimhneamh ar lorráí a cheannacht. Ceannaigh sé lorráí agus sé an chaoi a mbíodh tiomanaí aige ar dtús.

Beartla: Bhíodh Maidhc Mhichaelín Bheartla as Rosmuc ag tiomáint aige agus Cóilín Ghriallais, Cóilín Pheadair Phádraig as Cill Bhriocáin, go ndéana Dia grásta air. Bhí Maidhc Mhichaelín Bheartla blianta fada ag tiomáint againn. Bhíodh sé ag fanacht thíos againn i rith na seachtaine. Théann fhéin suas Tigh Mhichaelín Bheartla in éineacht le Maidhc ag an deireadh seachtaine, as sin Tigh Mhaidhcó agus d'óladh muid bleaist pórtair. Ba lách é Michaelín Bheartla, beannacht Dé lena anam. Bhínn ag ceolta i Rosmuc. Is cuimhneamh liom a bheith ag ceol Tigh Bhriocáin Mhártan Léibhe i gCill Bhriocáin go maidin. Diabhal codladh ar bith ach dul siar an an nGabhlán ag tarraingt mhóna ag an *bPower Station* i Scríob arís i gcaitheamh an lae, sin sul má thosaigh Clarke ag tarraingt. Bedford a bhí sa gcéad lorráí a fuair m'athair. Ní raibh sí chomh mór leis na *lorries* atá anois ann, thart ar chúig thonna nó mar sin a bhí sí in ann a thabhairt léi. Bhí muid blianta ag tarraingt mhóna ag an *bPower Station* i Scríob agus bhíodh slám bainte againn fhéin freisin i Seanamhach.



Thuas: Beartla Ó Máille
Thíos: Tomás Ó Máille

Ba é an *Power Station* an rud ab fhearr a bhí i gConamara ag an am sin, is iomaí duine a chuir sé punt ina phóca. Níl an oiread móna á baint anois agus a bhíodh. Chuirfí cheithre nó chúig lorráí mhóna abhaile gan caint ar mhóin a dhíol. Bhí sí ag teastáil, bhí chuile rud - bacadáil agus bruth i gcomhar duine agus beithíoch - le déanamh ar an tine an t-am sin.

Tomás: Ach tá an scéal is deireanaí seo faoi an mhóin go dona. Tá sé ráite nach mbeidh cead fód ar bith a bhaint. Tá ola andaor agus gual, beidh adhmaid é fhéin daor mar beidh sé gann má bhíonn chuile dhuine á dhó. Ba cheart na sean-phortaigh a fhágáil mar a bhí siad agus cead a bheith ag daoine iad a bhaint an fhad is mhairfeadh siad. Bhí siad sin riamh ann cibé céard faoi straidheanna nua.

Beartla: D'fhoghlaim mé fhéin ansin le tiomáint. Sé Maidhc Mhichaelín Bheartla agus Cóilín Pheadair a bhí do m'fhoghlaim, agus nuair a d'imigh siadsan bhí leaid eile as an Sruthán, Michael Phat Mhicil Dáirbe, piosa liom; i Sasana atá seisean anois. Tháinig sé an oíche seo. 'Tabhair leat anois í thú fhéin,' a deir sé. Bhí muid piosa deas as an gCeathrú Rua agus théadh muid ag an gcéad Aifreann. Maidin lá arna mhárach, Dé Domhnaigh, duirt mé fhéin go seansálfaínn síos é. Bhí mo dheirfiúir in éineacht liom. Casadh an fear seo orainn agus é fhéin ag dul síos ag an aifreann. Stop mé, 'bí istigh' a deirmse. Sé'n chaoi ar choisic sé é fhéin. Bhí áit bhreá ag an halla le casadh agus thug mé timpeall ansin í. Bhí liom ansin agus bhí mé ag déanamh maith go leor as sin amach.

Tomás: Go gairid ina dhiaidh sin bhí féar ag teastáil uainn. Chuaigh Beartla agus an seanbhuachaill siar ag ceannacht coca féir ó Phádraig Bradley. Bhí an coca piosa siar ón teach, siar bóithrín caol cáim. 'Má éiríonn leat dul siar in aghaidh do chúil an bóithrín sin, gan cloch a leagan den chlaí tabhairfaidh mé galún poitín duit,' a dúirt Bradley. Chuaigh Beartla siar ann gan aon bhlas a leagan. 'Ó tharla nach bhfuil tú ag ól aon deoir,' a deir Bradley, 'tabharfaidh mé luach buidéal *lemonade* dhuit.'

Beartla: Sin é an scrúdú tiomána a bhí ormsa. Bhíodh m'athair ag díol go leor *swedes*, coirce agus fataí, amach san Earach is mó. Ní choinneodh tú coirce tarraingthe, bhíodh daoine á iarraidh i gcóir caiple a bhíodh le hagaidh, searraigh go mór mór siar Caladh Mhuinse agus Ruisín na Mainíoch. Sé'n chaoi a gceannaíodh sé fhéin é ó fheiliméirí soir faoin tír. Ba an-áit é Rosmuc le stuif a dhíol, Leitir Móir na Coille agus Gleann Trasna, dream díreach leis an gceart a dhéanamh. Cheannaíodh Frank a' Mháille go leor *swedes* uainn, Michael Conroy, Maidhcó Pheatsa, agus Tony Mhicil Antaine, bhíodh siad aige le haghaidh caoirigh.

Tomás: Thart ar £3 a bhí céad coirce ag dul, 4 scilling an céad nó mar sin ar *swedes*. Níl sé i bhfad ó bhí Frank a' Mháille a rá liom go gcaithfeadh sé gur *swedes* is mó a chuaigh suas i bpraghas ar fad, tá ós cionn euro anois ar cheann amháin. Sin fear eile a cheannaíodh go leor *swedes*, Fr. Moran a bhí ina shagart paráiste i Rosmuc, bhíodh sé ag coinneáil go leor beithíoch. Cheannaíodh sé sin cúpla tonna ag an am. Fear é a bhíodh ag margáil, chaithfeadh tú a bheith in ann dó. Más tonna nó dhá thonna a cheannaigh sé, nuair a bhí siad meáite amach agat, chaith tú cliabh le cois a chur amach aige. Chaithfeadh m'athair aige iad le leisce a bheith ag sárú leis, ach is minic a bhíodh piosaí móra sárú acu. Chuala mé riamh, a deireadh m'athair leis 'go mbíonn na sagairt ag iarraidh i gcónaí.' Dúirt sé leis é!

Beartla: Bhí uair eile a raibh cúpla tonna *swedes* le tabhairt againn ag fear i Leitir Móir na Coille. 'Má bhíonn sibh deireanach,' a deir sé 'caith na *swedes* isteach thar an sconsa i gcoirméal na reilige agus beidh siad ceart go maidin.' Bhí an lorráí gar a bheith folaithe againn, an chéad rud eile cé a thiofadh trasna an bhalla ach Fr. Moran, gunna agus péire gadhar leis, tar éis a bheith ag fiach. 'Nach beag an faitíos atá oraibh,' a deir sé, 'an tráth seo d'oíche?' 'Nach hea ná ortsa?' a deir m'athair. Casadh orainn é i nGaillimh scaitheamh sular cailleadh é, agus bhfuil fhios agat gur ar na rudaí sin a bhí sé ag caint agus ar na

píosaí sárú a bhíodh aige fhéin agus ag m'athair.

Beartla: Ag Tarraingt fheamainne - Bhíodh muid ag tarraingt fheamainne freisin, feamainn fhliuch, go Cill Chiaráin agus feamainn thirim go Cill Rois. Bhí monarcha ag Mainín i mBaile Conghaile, bhínn ag tabhairt coirlí ansin. Bhí monarcha ag Casburn i nGaillimh. Bhí feamainn ag dul go Muigh Eo freisin ag Staunton i Newport. Trí phunt deich an tonna a bhí sí ag dul, ach nuair a bhíodh sí fairsing chuirfí anuas í go dtí dhá phunt cúig déag is mar sin. Is iomaí feamainn a tharraing mé ó Mháirtín Finnerty agus ó John Michael Mhicil Antaine as Rosmuc agus ó chlann Chóilín Tony ar an nGairfionn. Turas thart ar cheithre huaire a chloig a bhí ann go Cill Rois. Chuaigh mo chuid deartháireacha go Sasana ach ní raibh mé fhéin as baile riamh.

Tomás: An Beet - Chaith mise bliain is fiche ar an mBeet. I 1950 a chuaigh mé anonn i dtosach. I Nottingham a bhí mé an chéad bliain, ina dhiaidh sin d'oibrigh mé i Bury St. Edmunds, Suffolk, Shelby, Yorkshire agus Kiddyminister. Chaith mé seacht mbliana déag ag dul ansin. I 1974 an bhliain dheireanach a raibh mé ar an mbeet. Ar na pressers a bhínn ag obair i gcónaí. Deineadh airgead ar an mBeet, ní raibh aon áit lena chaitheamh. Deineadh tithe go leor leis an airgead a saothraíodh ann. Bhí go leor as Rosmuc ar an mBeet liom. Colman Pheterín, John Phaitín Cheata agus Patrick, Micí Stephen agus leaid eile as an Siléar, Michael John Chóilín, bhásaigh sé ó shoin an fear bocht agus gan é ach an-óg. Bhíodh cúpla factory anonn le chéile. Bealach Liverpool a théadh muid. Bheadh ort fanacht sa nGlobe i mBaile Átha Cliath oíche, áit a gcuirfí scrúdú dochtúra ort sula ligfí anonn. Bhí mo dhearthair Pádraig freisin ar an mBeet. D'oibrigh seisean i Londain freisin.

Tomás: Ní bhíodh mórán plé ag m'athair le caiple. Cheannaíodh sé corr shearrach nuair a bhíodh sé soir le móin, ní caipilíní Chonamara a bhíodh iontu. Thraenáileadh sé faoi charr iad agus b'fhurasta dó díol a fháil orthu ansin.

Beartla: I 1950 a thosaigh mé fhéin agus Tomás ar dtús ag plé le caiple. I 1953 a d'iontráil muid an chéad chapall ag seó i nGaillimh, thoir gar do Loch an tSáile, sin é an áit a mbíodh an seó mór an uair sin. Thoir ar aonach an Spidéil ó fhear as Bearna a cheannaigh muid an chéad Chonamara pony. *Little Tindora* an t-ainm a bhí uirthi. Nuair a bhaineann capall cúpla duais amach is furasta praghas maith a fháil uirthi agus ansin ceann eile a cheannacht.

I 1969 bhí caiple ag imeacht go maith. Dá mbeadh tú in ann scór acu a cheannacht

bheadh siad díolta agat arís lá arna mhárach. Bhí fear thoir i gCinn Mhara, taobh thoir de Ghailimh, *P.J. Bermingham* a bhí air, bhí sé á gcur anonn go Sasana, don Fhrainc don Ghearmáin agus go Meiriceá. Ní bhíodh orainn ach iad a thabhairt soir aige. Bhí caiple a dhíol muid a chuaigh ina dhiaidh sin go Meiriceá agus don Astráil. Bhí capall a cheannaigh muid ó fhear as Doire Choill, *Lucky Lady* a bhí uirthi, chuaigh sí sin go Meiriceá ach bhí sí díolta againne roimhe sin. Tháinig an bhean seo as California ag seó an Chlochain dó nó trí de bhlianta ó shoin, bhí sí ag cuartú eolais faoi mhianach capall a bhí aici. Cuireadh anuas againne i. Bhí Tomás ag dul tríd an leabhar nó go bhfuair sé amach cé aige a raibh a mianach. Thug muid ann í agus thóg sí pictiúr den áit agus do na sciobóil. Tagann sí anois chuile bhliain.

Tomás: An capall is mo a bhfuil cionn againn uirthi tá sí 32 bliain d'aois. Ina searach a cheannaigh muid í amuigh ó John Daly gar do Loch Measg. Choinnigh muid riamh í sin, bhí searrach chuile bhliain aici. Tá iníon léi againn freisin agus searach na bliana seo caite. Coinneoidh muid iad sin anois mar tá sí féin anois sean. *Easter Mistress* an t-ainm atá uirthi. *Bowspit* an t-ainm a bhí ar an stail a tháinig sí uaidh, sin é an fáth is mo ar choinnigh mé í. Chuir mé suim san ainm a bhí ar an stail. Tá go leor duaiseanna buaite ag *Easter Mistress* ag seóanna. Níl mórán Domhnach ar bith nach mbíonn muid ag seó in áit eicint. Bhí bliain amháin a raibh muid ag dhá seó is fiche, agus bhuaigh muid duaiseanna ag ocht gcinn déag acu. Tá stail againn, *Johney*, "*Johney's pride*" tá sé seacht mbliana déag, tá *champion of the seó* buaite aige trí bliana i ndiaidh a chéile ag an seó ar an Mullach i gCo. An Chláir. Ón *department* a fuair muid ar dtús é agus ansin nuair a d'éirigh an Cumann as a bheith á dtabhairt amach, ceannaigh muid é. Cheannaigh muid stail eile anuraidh i gConga, *Con Godmire* an t-ainm atá air sin. Tá sé seacht mbliana déag. Bán atá chaon cheann acu, siad is fearr linn. Tá rud eiginnt ag baint le caipilíní Chonamara thairis chaiple eile, an chaoi a gcoinníonn siad a gcloigeann, d'aithneófa capailín Chonamara i bhfad uait.

Beartla: Tá go leor cailíní agus leaids óga á gceannacht anois agus tá daoine atá éirithe as beithigh agus caoirigh dá gceannacht leis an talamh a choinneáil íte agus glan. Tá go leor acu ag dul go Sasana agus don taobh ó thuaidh. Tá searraigh ag imeacht go maith le cúpla bliain. Tá searraigh ag dul ó 3000.00 go 4500.00 euro. Caithfidh tú ceann a dhíol leis an gcuid eile a choinneáil ag imeacht. Capall a mbeadh mianach maith inti agus a bheadh thart ar seacht mbliana, gheobhfa seacht nó ocht de mhílte euro uirthi. Tá stailleanna ag dul praghas

mór freisin. Is garr ó fuair fear as an gceantar chuig mhíle dhéag go leith ar stail, ach ba capall maith a bhí inti. Tá capall eile a tháinig ón stail atá againne *Johney*, a dhíol leaid as Baile na Cille ina mbromach le Pádraigh Tom Hynes as Béal an Átha Fhada. Sé a fuair *champion* an tseó san RDS anuraidh, dhíol sé ann í.

Tomás: Ní raibh muid ag an R.D.S riamh ach b'fhéidir go dtabharfadh muid cuairt ann i mbliana le cúnamh Dé. Sin é an tráth den bliain is gnóthaí a mbíonn muid. Tá dhá stail againn *Johney's Pride* agus *Con Godmaire*, agus tá trí Láir, *Easter Mistress*, *Katy Daly*, *Doire Fhéarta Peigí*, dhá bhromach agus trí shearach eile againn freisin. Bíonn muid an-gnóthach. Tagann caiple anuas an bealach ar fad as Baile Átha Cliath, b'fhéidir go bhfágfaí iad sin ar feadh seachtaine. Tá roinnte oibre ag baint leo ceart go leor ach baineann muid sásamh as. Déanann muid go leor taistil agus castar na daoine céanna orainn ag gach seó. Bíonn fonn orainn dul síos ag an seó ar an Mullach i gCo. An Chláir agus ag an seó i mBéal Átha na Slua, tá muid ag dul ansin chuile bhliain ó 1953, sé seó Bhéal Átha na Slua an seó deirneanach den bhliain. Sé an peaca gur imigh an t-aonach, bhí an t-aonach nádúrtha. Chastaí daoine ar a chéile, bhíodh píosaí breá margála ar siúl. Bhíodh aonach i gCill Chiaráin, ar an gCaiseal, Doire an Né, ar an Spidéal, ar an Mám, agus ar an Teach Dóite ach tá siad sin imithe ar fad anois. Ní mar a chéile an margadh chor ar bith.



Máirtín Ó Máille
(Athair Thomáis & Beartla)

Tigh Phádraig Mháirtín Beag

Droim, Leitir Móir, Co. na Gaillimhe




Fón: 091-551815

ÓSTÓIR & BIALANN

Gach cineál ócáid, Ceol gach deireadh seachtaine

Gach rath ar an bhFéile



IONAD EALAÍONA INIS OÍRR

Inis Oírr, Co. na Gaillimhe

Fón: 099-75152

Faics: 099-75152

araseanna@eircom.net
www.araseanna.ie

Island Ferries Teo.



Rossaveal Pier,
Co. na Gaillimhe,
Fón: Lá (091) 572050
Tráthnóna (091) 572273
Faics: (091) 572448

4 Forster Street & Victoria Place,
Gaillimh
Fón: (091) 568903/561767
Faics: (091) 568538

E-phost: island@iol.ie
www.aranislandferries.com

Ag ceiliúradh 26 bliain i 2008



ΑΙΒΔΕΑΡC NA ΓΑΙΛΛΙΜΕ

ΑΜΑΡCΛΑΝΝ ΝΑΙCΙΥΝΤΑ ΝΑ ΓΑΕΙΛCΕ



Cúrsa oiliúna atá sna Crosáin a thugann deis do dhaoine óga taithí a fháil ar na gnéithe éagsúla a bhaineann le saol na hamharclainne.
Is cúrsaí uair sa tseachtain ar feadh 30 seachtainí a bhíonn i gceist.
Déanann Na Crosáin freastal ar dhá aoisghrúpa
Dordán (11 - 15bl) agus Ardán (15 - 20bl).

eolas@antaibhdhearc.com

Eolas & Áirithintí 091-563600

www.antaibhdhearc.com

Búistéara na nOileán

Leitir Móir,
Co. na Gaillimhe

Fón: 091-551216

Oscailt Máirt - Satharn

Feoil, Glasraí & Fataí

Gach rath ar an bhFéile



Lettermullen Construction

CONRATHEOIR TÓGÁLA

Leitir Mealláin, Co. na Gaillimhe

Fón: 087-2214073

C2 & CBL Cláraithe

Go n-éirí go geall leis an Phléaráca

BARRY CARPENTRY

&

CONSTRUCTION

Conratheoir Tógála &
Siúinéireachta

Baile na Cille
Leitir Mealláin
Co. na Gaillimhe

Fón: 087-9695954

C2 Cláraithe

Ádh mór ar an bhFéile

Obair dheonach i Sri Lanka

Mí na Samhna 2007 chuaigh Rosaleen Ní Shúilleabháin as Inbhear, Rosmuc go Sri Lanka le tréimse a chaitheamh ag obair go deonach i measc an phobail an sin.

Ar an 23 Samhain 2007, d'fhág mé an fuacht agus an bháisteach agus thug mé m'aghaidh ar an oileán beag ghriannmhar, Sri Lanka. Ní ar saoire a bhí mé ag dul ach chun obair dheonach a dhéanamh. Bhí sé socraithe agam roimhré dul chuig an "Arklow Ireland Children's Homes". Chaith mé an chéad tseachtain ag tabhairt cuairt ar na scéimeanna eile atá ar siúl ag an gcumann seo. Tá obair iontach déanta acu ann. Thosaigh siad ag bailiú airgid tar éis an Tsunami, ach tá na hionaid ar fad oscailte d'aon duine atá faoi míbhuntáiste. Tá tithe breá tógtha agus tá a ndóthain airgid cruinnithe acu chun iad a rith ar feadh fiche bliain.

Cuireadh fáilte mhór croíúil romham ag teach na mbuachaillí, áit a chaith mé trí seachtainí. Bhí mo lá roinnte suas le ranganna Béarla, Ealaín agus imirt "cricket". Rinne muid margadh ag an tús, mhúin mise béarla dóibh agus mhúin siadsan cricket domsa. Ba margadh iontach a bhí ann an fhad is a bhí muid le chéile, mar anois agus mé ar ais sa mbaile ní bhíonn mé ag imirt cricket agus ní cheapaim go bhfuil mórán Béarla dhá labhairt acusan ach oiread.

Níl mórán dífríocht idir muid féin agus muintir Sri Lanka. Is Caitlicí atá ag rith na dtithe ina raibh mise agus tá creideamh an-láidir acu. Cheapainn go bhfuil sé mar a bhí cúrsaí creideamh sa tír seo sna seachtoidí. Rud eile a thug mé faoi deara ná an chócaireacht, tá na comhábhair ar fad úr agus tagann go leor dhó amach díreach as an ngarraí. Cúpla lá roimh na Nollag chuaigh mé síos ó dheas chuig teach na gcailíní, áit ar chaith mé an Nollaig agus suas le trí seachtainí. Ní raibh fanta ach cúpla cailín, bhí an chuid eile imithe abhaile. Bhí Béarla mhaith ag na cailíní agus mar sin chaith mé an chuid is mó den am ag déanamh



ealaín leo. Chaith mé go leor ama sa chistin freisin ag cócaireacht agus thaispeáin mé dóibh le pizza a dhéanamh. Rud a thóg chúig huair a chloig mar gur ar thine oscailte a bhí muid ag cócaireacht, ach chuir siad an-spéis ann go mór mór an bealach ar ardaigh an taos. Tír álainn í Srí Lanka agus tá teach na gcailíní in aice an chósta. Chuir mé aithne ar fhear a raibh "tuk tuk", carr beag le trí rotha aige agus "surf boards" agus gach maidin théadh muid ag surfáil. Leis seo bhí an dá shaol agam. Thug mé na cailíní ag an trá cúpla uair agus thaispeáin mé dóibh le surfáil, bhí an-chraic againn. Tá tionhcar an Tsunami fós le feiceál ach tá an saol ag bogadh ar aghaidh.

Tá ath-thógáil déanta agus tá scéimeanna faoi leith ag tíortha éagsúla ar nós Éirinn, an Iodáil agus an tSeapáinn. Tá cogadh ar siúl ann le cúpla bliain anois agus is níos measa atá rudaí ag fáil. Tá an chuid is mó den chogaíocht ar siúl i dtuaisceart na tíre. An fhad a bhí mise ann scaoileadh cúpla buama sa bpríomh chathair,



Thuas: Gall & Joel - Beirt do na gasúir a raibh Rosaleen ag obair leo

Colombo. Tá ionaid seiceála i ngach áit agus bhí sé de dhíle ann cárta aitheantais a bheith ort i gconaí, nó bhí an seans ann gur isteach sa bpriosún a chuirfidh tú nó go raibh tú inann aitheantais a chruthú. Bhain mé go leor as an am a chaith mé i Sri Lanka, chuir mé aithne ar dhaoine álainn, thug sé léargas dom gur chóir dom a bheith an-bhuíoch as an méid atá agam. Is rud ar mhaith liom a dhéanamh arís agus mholainn do aon duine an sórt seo oibre a dhéanamh nó fiú cuairt a thabhairt ar Sri Lanka.

le
Rosaleen Ní Shúilleabháin.

CLÁR NA FÉILE 2008

Déardaoin 01/05/08

05.00 i.n. **SEOLADH TAISPEÁNTAS EALAÍN SCOIL NÁISIÚNTA LEITIR MEALLÁIN**
Fear an Tí: **Danny Wallace**

LEABHAR DO PHÁISTÍ
'Mairéad agus an Foghlai Mara' le **Steve Cannon**
Seoladh oifigiúil le **Sorcha Ní Chéide**

Beidh tríúr ealaíontóirí ag dul isteach i scoileanna Cheantar na n-Oileán i rith na Féile

OSCAILT OIFIGIÚIL NA FÉILE - Óst na n-Oileán

07.30 i.n. **SEÓ SRÁIDE** leis **Na Fomhóraigh**
Ceol: **Beartla Ó Domhnaill & Ceann Golaim, Sonai Choilm Learaí & Eibhlín**

08.00 i.n. **SEOLADH OIFIGIÚIL** leis an Aire Éamon Ó Cuív
BRONNADH GRADAM AN PHLÉARÁCA 2008
Fear an Tí: **Máirtín Tom Sheáinín**
Ceol: **Joe Fury & An Hayride**



Beartla Ó Domhnaill ag ceol ag Osealt na Féile ag 07.30 i.n.

Dé hAoine 02/05/08

01.00 i.n. **LÁ NA nAOSACH**
Ionad: Tigh Phádraig Mháirtín Beag ar an Droim
Fear 'a Tí: **Ciarán Ó Fátharta**. Ceol: **Sonai Choilm Learaí**

05.00 i.n. **TAISPEÁNTAS EALAÍNE CHUMANN NA mBAN**
Ionad: Halla Pobail Leitir Mealláin. Seoladh Oifigiúil: **Tomás Mac an Iomaire**

6-8.00 i.n. **DIOSCÓ do Ghasúir Bunscoile**
Ionad: Halla Pobail Leitir Mealláin
Ceol: **D.J. Terry Mac Donncha**. Táille: €2.00

08.30 i.n. **TAISPEÁNTAS OIÐHREACHTA NA n-OILEÁN**
le **John Bhaba Jeaic**
Ionad: Halla Pobail Leitir Mealláin
Seoladh oifigiúil le **Peadar Ó Maoláin**

Óst na n-Oileán
07.00 i.n. Fáiltiú roimh Mhuintir Ráth Chairn
08.00 i.n. **SEISIÚN CEOIL** le **Oliver Deveney**
Ceol: **John Beag Ó Flatharta**

09.00 i.n. **Tigh Phádraig Máirtín Beag** ar an Droim
Ceol: **Na Timber Tramps**



Na Timber Tramps

Dé Sathairn 03/05/08

11.00 r.n. **IMEACHTAÍ DO DHÉAGÓIRÍ** i Spórtlann Mhichael Mhóir, Tír an Fhia. Bus ag fágáil as Comhar Chúigéal ag 10.30 r.n. Déan teagmháil roimhré le 091-551553

11-4.00i.n. **CEARDLANN CAOLADÓIREACHTA**
le **Peadar Peircín**
Ionad: Scoil Chnoc Chathail Óig. Táille: €25.00 (ábhar san áireamh)

12-2.00i.n. **CEARDLANN CEARDAÍOCHTA**
Ionad: Scoil Chnoc Chathail Óig
Taispeántas & Ceardlann Snoíodóireacht Adhmaid (Woodturning) le Passtime Chonamara. Táille: €15.00

Spás do dheichniúr ar chaon cheardlann. Is féidir clárú roimhré ag 091-551553/574346 nó bualadh isteach ag na ceardlainn ar an lá.

12.00n. **TORAÍOCHT TAISCE**
Tosnú: Comhar Chuigéal

02.00 i.n. **TURAS i mBÁD SEOIL**
Má tá suim agat turas a dhéanamh ar bhád seoil traidisiúnta ar an Satharn nó ar an Domhnach, ní mór teagmháil a dhéanamh le Comhar Chúigéal 091-551553

BIA BLAS NA nOILEÁN
Beidh Bia 'Blas na nOileán' ar fáil i Halla Comhar Chuigéal Teo. tar éis an turais. Is iad Galf Mara, Eanách Mheáin a chuirfidh an bheatha ar fáil.

02.00 i.n. **SEOLADH TAISPEÁNTAS NA nAOSACH**
Ionad: Lae na nAosach, Leitir Mealláin. Dá sheoladh ag **Máire Bhidda Ní Mháille (Riarthóir)**

2-4.00 i.n. **CEARDLANN DAMHSA AR AN SEAN-NÓS**
Ionad: Tigh Phádraig Máirtín Beag ar an Droim
Teagascóir: **Eibhlín Sonai Choilm Learaí**
Táille: €3.00/5.00

02.30 i.n. **SEOLADH TAISPEÁNTAS: Dearc Fhéachaint ar an Saol Nua**
Ionad: Halla Pobail Taispeántas i bhfoirm Fise, Fuaim, Filíocht & Grianghrafanna le grúpa a bhí ag obair ar thogra leis na healaíontóirí **Ceara Conway, Aoife Casby, Neville Rae** agus **Caroline Pugh**

04.30 i.n. **SEISIÚN CEOIL:** Tigh Phádraig Mháirtín Beag ar an Droim.
Ceol: **Ceoltóirí Ráth Chairn**

08.00 i.n. **COMÓRTAS PÚL**
Ionad: Óst na n-Oileán

08.00 i.n. **COMÓRTAS CAITHEAMH SAIGHID**
Ionad: Tigh Phádraig Mháirtín Beag ar an Droim

09.00 i.n. **COMÓRADH AR BHÁTHADH NA TRÁ BÁINE**
Ionad: Seanscoil na Trá Báine. Piosa cainte ar an mbáthadh le **Máirtín Mac Donnchadha**
Bean an Tí: **Triona Uí Ráinne** & ina dhiaidh

COMÓRADH AR SCRÍBHNEOIRÍ ÁITIÚLA
Colm Ó Ceallaigh ag léamh a shaothar fhéin
Antaine Ó Flatharta - **Peadar Ó Maoláin** ag léamh a shaothar.
Colm Ó Lochlainn - **Máire Bn. Uí Dhonncha** ag léamh saothar filíochta a h-uncail.
Bidín a 'Chlochartaigh - **Mairéad Uí Chonghaile** a h-iníon ag léamh a shaothar.

Ar lean ...

09.00 i.n. Ceol: Tigh Phádraig Máirtín Beag ar an Droim
le Beartla Ó Domhnaill & Ceann Golaim
Ceol: Óst na n-Oileán le **Aerach**

Tá Grúpa as Albain ar chamchuaire ar Chonamara. Beidh siad ag glacadh páirt in imeachtaí na Féile.

Dé Domhnaigh 04/05/08

08.00 r.n. **MARATÓN 4.7 MÍLE** ar mhaithe le airgead a bhailiú don eagraíocht CROÍ. Eagraithe ag Comhar Chuigéal Teo., Diarmaid Mac Adhastair agus Spórtlann Mhichael Mhóir, Tír an Fhia i gcuimhne ar an Dochtúr Pat O'Malley. Bricfeasta, cith agus mionbhus ar ais go Leitir Mealláin

11.00 r.n. **AIFREANN NA FÉILE** i Séipéal Réalt na Mara

12.00n. **COMÓRTAS SEAN-NÓS NA n-ÓG**
Ionad: Halla Pobail Leitir Mealláin
Fear an Tí: **Peadar Ó Maoláin**
Ceoltóir: **Páidí Tom Bán**
• Rogha uirlisí ceoil.
Moltóir: **Éanna Mac Cába**
• Damhsa ar an sean-nós
Moltóir: **Máire Áine Ní Iarnáin**
• Amhránaíocht ar an sean-nós.
Moltóir: **Sarah Ní Mháille**
• Agallamh Beirte/Scéalaíocht
Moltóir: **Áine Bairéad**

02.00 i.n. **SEISIÚN CEOIL** le **Ceoltóirí Ráth Chairn**
Ionad: Óst na n-Oileán

02.00 i.n. **TURAS i mBÁD SEOIL**
Cur glaoch ar Comhar Chuigéal ag 091-551553

Ar lean ...

06.00 i.n. **CÓMÓRTAS DAMHSA AR AN SEAN-NÓS DO DHAOINE FÁSTA**
(ós cionn 18 bliain d'aois)
Ionad: Óst na n-Oileán.
Ceol: **Johnny Connolly**
Fear an Tí: **Greg Ó Braonáin**
Táille: €5.00

09.00 i.n. Ceol: Tigh Phádraig Máirtín Beag ar an Droim
le Buzz the Agent
Ceol: Óst na n-Oileán le **Catriona Ní Cheannabháin**



Peadar Ó Maoláin


Dé Luain 05/05/08

11.00 r.n. **CLUICHE PEIL**
do fhir na n-Oileán ós cionn 40 bliain d'aois
Ionad: Spórtlann Mhichael Mhóir, Tír an Fhia
Réiteoir: **Seán Ó Domhnaill**
Táille: €10.00 an duine

12.00n. **BAIRBICIÚ & SEISIÚN CEOIL NA FÉILE**
Ionad: Óst na n-Oileán
Comhaltas Ceoltóirí na n-Oileán & Ceoltóirí Ráth Chairn

Seirbhís Bialainne Tigh Phádraig Mháirtín Beag ar an Droim i rith an deireadh seachtaine.

Imeachtaí na Féile



SEÓ SRÁIDE leis Na Fomhóraigh ag Oscalt na Féile Déardaoin ag 07.30 i.n.

Tá chuile dhuine go sona sásta sna Fomhóraigh, buíon fhathach is drumadóirí Ceilteacha, go dtosaíonn duine díobh ag taispeáint aisti féin le hAdharc órmhaisithe na Teamhrach a d'aimsigh sí faoi Lia Fáil. Bíonn troid fíochmhar eatarthu agus oidhreacht na Teamhrach féin ar fáil don té is láidre láimhe. Le tacaíocht ó Ealaín na Gaeltachta, Údarás na Gaeltachta, an Chomhairle Ealaíon, scriptithe ag Darach ó Scoil le healaín Cheilteach péinteáilte le láimh ag Ariel Killick.

John Beag Ó Flatharta a bheas ag ceol in Óst na nOileán Dé hAoine ag 10.00 i.n.



COMÓRADH AR BHÁTHADH NA TRÁ BÁINE

Píosa cainte ar an mbáthadh le
Máirtín Mac Donncha
i Seanscoil na Trá Báine
Dé Sathairn ag 09.00 i.n.

Dearc Fheáchaint ar an saol Saol Nua

Taispeántas i bhfoirm Físe, Fuaim,
Filíocht & Grianghrafanna le grúpa a
bhí ag obair ar thogra leis na
healaíontóirí **Ceara Conway,**
Aoife Casby, Neville Rae agus
Caroline Pugh
ar an Satharn 02.30 i.n.
in san Halla Pobail



Thuas: Caroline Pugh, Aoife
Casby & Neville Rae

Ar dheis: Ceara Conway

Páirteach sa togra bhí beirt ealaíontóirí
aitiúla Ceara Conway agus Aoife Casby
as an gCeathrú Rua, agus beirt
ealaíontóirí as Albain Caroline Pugh agus
Neville Rae.

Is iarracht atá sa taispeántas an saol mar
atá sé inniu i gConamara a léiriú i bhfoirm
físe, fuaim, grianghraf agus filíocht, ar an
athrú atá tagtha ar an saol. le roinnt
blianta. Tugann an fhilíocht léargas dá
cuid fhéin ar an saol mar a bhí agus mar
atá, de réir mar a chonaic agus mar a
fheiceann an scríbhneoir é.

Sí Ceara Conway a bhí i mbun obair
grianghrafadóireachta le grúpa daoine óga
agus daoine fásta a reachtaíleadh ar an
gCeathrú Rua. Is i Rosmuc a bhí an
ceardlann filíochta ar siúl faoi stiúir Aoife
Casby a d'oibrigh le grúpa daoine fásta,
ina measc an t-ealaíontóir Dan Ó Flatharta
as an gCeathrú Rua, agus Máire Seoige as
Rosmuc a bhfuil a lán píosaí filíochta
scríofa aici. Is leis an scuab a bhíonn
Bernie Seoige as Rosmuc ag plé go
hiondúil, agus tá sí go maith freisin leis an
an gceamara. Chaith Neville Rae agus
Caroline Pugh dhá dheireadh seachtaine i
mbun obair físe agus fuaim le lucht na
geardlanna.

Bhí Caroline Pugh ar ais arís mí Márta le
filíocht a thairgead. Sí Ceara Conway a
rinne comhordú ar an togra. Is le maoiniú
ó Ealaín na Gaeltachta a heagraíodh an
tionsenamh. Páirteach sa togra, bhí Fionn
Ó Céide, Ciara Nic Dhonncha, Caoimhe
Ní Chualáin, Antaine Ó Cadhain, Séamus
Ó Flatharta, Bernie Seoige, Anna Ní
Fhlatharta, M. Uí Mháille, Máire Seoige,
Dan Ó Flatharta, Máire Uí Chonaola, Eilís
Ní Dhubhail agus Cormac Ó Conway.

Cumann na mBan

Ealaín le Danny Wallace

Bíonn an tEalaíontóir aitheanta Danny Wallace i mbun ranganna le Cumann na mBan,
i gComhar Chuigéal uair sa tseachtain. Tá sé i mbun na ranganna le dhá bhlian anois.
Baineann na mná an-taithneamh as na ranganna agus dar leo tá an-fhoighid ag Danny.
Tá idir óg agus aosta ag freastal ar an rang, mná phósta, mná singil agus déagóirí óga.
Tugann na ranganna seo spreagadh do na mná, cuid acu nach raibh aon suim acu san
Ealaín nó gur thosaigh siad ag dul ag an rang. Tá sé ag mealladh corr fhear freisin.



Ó Chlé: Liz Ní Dhomhnaill, Caitlín Uí Annracháin, Jennifer Ní Annracháin, Danny Wallace,
Caitlín Ní Dhonnacha, Nóra Áine Ní Ict, Áine Ní Chonaire, Tina Ní Chonaire, Pádraic Ó Conaire,
Chun Tosaigh: Saoirse Ní Dhomhnaill, Meadhbh Ní Ráinne



Mouse McHugh, Orlagh de Bhaldraithe, Noelle McDonald, Bill Wright,
Geoff Ward, Conor Nolan & Michael Chang.

Na Timber Tramps a bheas ag ceol Tigh Phádraig Mháirtín Beag ar an Droim Dé hAoine ag 09.00 i.n.

Bíonn na Timber tramps ag roicil Cathair na Gaillimhe go minic. Bíonn gig acu oíche Dé Domhnaigh
gach coicís le bliain anuas. Tigh Neachtain. Seachtar atá sa ngrúpa a thagann as gach coirnéal den
Domhan. Ní aon ionadh mar sin an meascán fuaimneanna atá acu de Reggae, Jazz, Pop, Swing, Ceol Tíre
Tradisiúnta agus na Blues agus is iondúil go bhfuil siad sin uilig ar fáil in aon amhrán amháin.
("Cow -Punk" mar a deirfá).

Beidh tú meallta ag na groves agus ag na glórtha breá, beidh do chosa ar rith uait le dul i damhsa.

Cuairt na bhFilí Albanacha

Eagraithe ag Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge

Tá grúpa filí Albanach ag tabhairt cuairt ar Chonamara tús mí na Bealtaine. Beidh siad ag freastal ar chuid de imeachtaí Féile Phléaráca Chonamara agus ag glacadh páirt sa gceardlann damhsa ar an sean-nós agus ag déanamh turas ar bhád seoil.

CLÁR AMA CHUAIRT NA bhFILÍ

Dé Sathairn 3 Bealtaine

7.00 i.n. Leabharlann na Ceathrúin Ruaidh

Léamh filíochta dhátheangach le Máire Holmes agus Jackie Mac Donncha agus na Filí Albanach, le tionlacán ceoil.

Dé Domhnaigh 4 Bealtaine

8.00 i.n. Halla Ronáin, Inis Mór, Oileán Árann

Oíche Cheoil agus filíochta le filí & ceoltóirí Albanacha agus áitiúla.

Dé Luain 5 Bealtaine

8.00 i.n. Club Áras na nGael

Léamh filíochta le Nuala Ní Chonchúir, Collette Nic Aodha agus filí Albanach

Dé Mairt 6 Bealtaine

9.00 i.n. Club De Burgo

Comórtas Filíochta An Chuairt 2008. Moltóirí Collette Nic Aodha, Jackie Mac Donncha, Máire Holmes agus filí Albanacha.

Sonaí Choilm Learaí Ó Conghaile

a bheas ag ceoil ag Oscailt na Féile in Óst na nOileáin Déardaoin ag 07.30 i.n. agus in áiteacha eile le linn na Féile.




JOE FURY & THE HAYRIDE

a bheas ag ceol ag Oscailt na Féile in Óst na nOileáin Déardaoin ag 08.00 i.n.



P.J. Sonai Choilm Learaí Ó Conghaile

a bheas ag ceoil ag Oscailt na Féile in Óst na nOileáin Déardaoin ag 07.30 i.n. agus arís Dé Sathairn ag 09.00 i.n. Tigh Phádraig Mháirtín Beag ar an Droim



Colm Ó Ceallaigh a bheas ag léamh cuid dá shaothar i Seanscoil na Trá Báine ag Comóradh na Scríbhneoirí áitiúla le linn na Féile

As Camus ó dhúchas an t-úrscéalaí Gaeilge Colm Ó Ceallaigh. Tar éis do cáileadh mar mhuinteoir bunscoile i 1949 fuair sé post i Leitir Mealláin áit a raibh sé ag múineadh go dtí 1985.

Tá stór maith leabhair scríofa aige ó shin. Ina measc tá leabhar gearrscéalta *Clann na Feannóige*, chomh maith leis na h-úrscéalta *Sclábhaíocht*, *Deoir Ghoirt an Deoraí*, *Brídín* agus *Carraig an Bháis*.



Thuas: Anna Ní Fhlatharta (Oibrí Pobail), Monica Corcoran, Muireann Ní Dhroighneáin, Máire Áine Ní Mháille (Oifigeach Ealaíne) agus Monica de Bath.

Thug Monica Corcoran agus Monica de Bath ón gComhairle Ealaíon i dteannta Mhuireann Ní Dhroighneáin ó Ealaín na Gaeltachta cuairt ar Phléaráca tús an Aibreáin. Siad an Chomhairle Ealaíon agus Ealaín na Gaeltachta a dhéanann maoiniú ar Chlár Ealaíne an Phléaráca



Óstán an Dóilín

An Cheathrú Rua

Gach cineál ócáide

Breith Lá, Baisteadh, Bainis & Cóisir

Club Oíche

ar oscailt ag an deireadh seachtaine

Séan Ó Loideáin

Fón/Faics: 091-595169

e-phost: sean@tijosie.com

www.tijosie.com

SuperValu Indreabhán

Siopa an Phobail

Rogha an bhia do thogha na ndaoine

Coill Rua
Indreabhán
Co. na Gaillimhe

Fón 091 593020
Facs 091 593338

SuperValu
Real Food. Real People.

Anailís ar Ghaeltacht Chonamara

Dá ndéanfaí teorannacha na Gaeltachta i gCo na Gaillimhe a shocrú do réir na gcríteár atá molta sa **Staidéar Teangeolaíoch ar Staid na Gaeilge sa nGaeltacht**, ní bheadh de dhaonra fágtha i nGaeltacht na Gaillimhe ach **16,000** duine as an **45,000** a bhfuil cónaí orthu faoi láthair taobh istigh den limistéar, le aitheantas oifigiúil Ghaeltachta. Chaillfeadh pobail éagsúla i gContae na Gaillimhe, ina bhfuil cónaí ar thart ar **29,000** duine faoi láthair, an stádas Ghaeltachta atá acu. B'shin a fuair an léachtóir Matamaitice sa **GMIT, Donncha Ó hÉallaithe**, nuair a rinne sé anailís le gairid do **Nuacht TG4** ar na ceantair éagsúla Gaeltachta. San alt seo cuireann sé síos ar an méid a fuair sé amach faoi **Ghaeltacht na Gaillimhe**.

D'iarr Nuacht TG4 orm breathnú ar an 158 togharoinn sa tír, atá aitheanta go hoifigiúil mar cheantracha Gaeltachta, féachaint cé acu a bheadh fágtha sa Ghaeltacht dá ndéanfaí na teorannacha a tharraingt in athuair, bunaithe ar critéir a bhí molta sa Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch a chuir foireann ó Acadamh na hOllscoilíochta Gaeilge le chéile, faoi stiúir Conchúr Ó Giollaigáin agus Seosamh Mac Donncha.

Sa **Staidéar Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa nGaeltacht**, moladh na ceantracha Gaeltachta a rangú i gCatagóir A, B agus C do réir na gcríteár mheasúnaithe atá sa tábla seo thíos, ar mhaithe le próiseas pleanála teanga a chur i bhfeidhm:

Catagóir Ghaeltachta	% Cainteoirí Laethúla Gaeilge do réir an Daonáirimh	% Teaghlaigh a bhfuil leanaí acu i dteideal an deontais faoi Scéim Labhairt na Gaeilge
A	67%+	65%
B	44% - 66%	30% - 64%
C	30% - 43%	10% - 29%

Leis an anailís a dhéanamh, d'úsáid mé figiúirí ón Daonáireamh 2006, aoi úsáid na Gaeilge sna ceantair éagsúla, a bhí curtha ar fáil go speisialta dom ag an CSO, chomh maith le figiúirí do **Scéim Labhairt na Gaeilge (SLG)** don scoilbhliain 2006/07 a bhí foilsithe ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. Ní raibh na figiúirí is nua seo ar fáil agus an Staidéar Teangeolaíoch á chur le chéile.

Na Catagóirí A,B,C:

Dá ndéanfaí teorannacha na Gaeltachta a shocrú do réir na gcríteár sa tábla thuas, seo mar a bhreathnódh an scéal i nGaeltacht na Gaillimhe. Bheadh beagnach dhá thrian dena daoine i nGaeltachtaí na Gaillimhe, idir cathair is contae, idir taobh thoir agus taobh thiar den Choirrib, ag cailliúnt a stádas Gaeltachta. Bheadh stádas A ag 11,000 duine, stádas B ag 3,000 duine agus stádas C ag beagán os cionn an 2,000. Bheadh beagnach 29,000 duine ina gcónaí i gceantracha a fhágfaí amach ón nGaeltacht nua socraithe.

Catagóir	Daonra	% de Dhaonra na Gaeltachta
A	11,002	24.4%
B	3,015	6.7%
C	2,190	4.9%
Gan Aiteantas	23,845	64.0%
An t-Iomlán	45,052	100%

Le go mbeadh stádas Gaeltachta ag ceantar, faoi na critéir staitisticiúla a moladh sa Staidéar Teangeolaíoch, theastódh go mbeadh ar a laghad 30% den daonra, os cionn 3 bhliain d'aois, ina gcainteoirí laethúla Gaeilge do réir an Daonáirimh agus theastódh chomh maith go mbeadh 10% ar a laghad de na teaghlaigh le páistí scoile iontu, i dteideal an deontas faoi **Scéim Labhairt na Gaeilge**. Tugtar sa tábla thíos na ceantair i gCo na Gaillimhe a shásaíonn na critéir agus a choinneodh stádas Gaeltachta. Tá siad liostáilte sa tábla do réir an % cainteoirí laethúla Ghaeilge, a tuairiscíodh sa Daonáireamh a tógadh i 2006:

Na Ceantair i nGaeltacht na Gaillimhe a shásaíonn na critéir teangeolaíoch le aitheantas Ghaeltachta a choinnéal.

Togharoinn (DED)	An Ceantar	% Cainteoirí Laethiúla Gaeilge (2006)	% Teaghlaigh a Thuill an Deontas Iomlán (2006/2007)	Catagóir
Camus	Camus	90	97	A
Garumna	Tír an Fhia/Leitir Mealláin*	89	87	A
Scannimh	Cill Chiaráin, Rúisín na Mainíoch*	87	86	A
Turlach	Ros Muc	87	84	A
Leitir Móir	Béal an Daingin, Eanach Mheáin, Leitir Móir*	84	90	A
Cill Chuimín (Gaillimh)	Na Minna/Tulach/Ros a Mhíl*	84	74	A
An Crampán	An Cheathrú Rua*	83	78	A
Sailcheamach	Abh. an Chnoic go Abh. Croimghlinne*	83	72	A
Inis Mór	Trí Oileáin Árann*	79	85	A
Cnoc Buí	Carna go Glinnsce*	81	70	A
Abhainn Ghabhla	Doire Iorrais/Coill Sáille/Loch Con Aortha*	76	71	A
Cill Aithninn	Bothúna siar go Coill Rua*	74	54	B
An Spidéal	An Spidéal soir ag an bPáirc	66	40	B
Cill Chuimín (Uachtar Ard)	Gleann Trasna/Leitir Móir na Coille/Léim	61	30	B
Conga	Corr na Móna/Dúros/Driseachán*	45	36	B
Na Forbacha	Doire Locháin go Cnoc na Gréine*	43	15	C
Na hUilleannaí	Bun an Chnoic	36	22	C
Sliabh an Iongna	Cnocán Raithní/Sliabh an Aonaigh/Baile Nua	35	15	C
An Chorr	An Mám	30	31	C

Nótaí:
1. Tá an tábla bunaithe ar figiúirí a chuir an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe is Gaeltachta ar fáil agus figiúirí ón Daonáireamh a tógadh sa bhliain 2006, a chuir an CSO ar fáil do Dhonncha Ó hÉallaithe, GMIT
2. Tá an comhartha * curtha leis na gceantracha ina bhfuil roinnt bheag gasúr le scrúdú fós faoi Scéim Labhairt na Gaeilge don bhliain 2006/07. Glactar leis sa staidéar seo go n-éireoidh leis na ngasúir, atá le scrúdú fós, an deontas iomlán a fháil.
3. Tá an % teaghlaigh a thuill an deontas iomlán oibrithe amach mar % dena teaghlaigh ar fad sa gceantar a bhfuil páistí scoile iontu idir 5 agus 19 mbl., ag gabháil don oideachas go lán aimsire do réir an Daonáireamh a tógadh sa bhliain 2006. D'fhéadfadh sé tarlú go mbeadh roinnt bheag de na teaghlaigh sin nach mbeadh i dteideal cur isteach ar an deontas faoi SLG – teaghlach mar shampla a raibh an gasúr is óige in aois 19 mbliain agus fós ag gabháil don oideachas go lán aimsire.

Do réir an tábla thuas, sé **Camus** an ceantar is láidre i **gConamara** agus sa tír ó thaobh úsáid na Gaeilge agus tá an ceantar **Tír an Fhia/Leitir Mealláin** ar an tarna ceantar is láidre, le ceantar Chill Chiaráin/An Aird Mhóir sa tríú áit. ceantar Caillfeadh Bearna, Cathair na Gaillimhe agus an ceantar ar fad taobh thoir den Coirib an stádas Ghaeltachta atá acu. Bheadh teorann nua na Gaeltachta ag Sruthán na Liberties sna **Forbacha**, áit a mbeadh stádas C aige. Bheadh stádas B ag an gceantar ón bPáirc chomh fada siar le **Abhainn an Chnoic** sa **gCoill Rua**. Ó **Abhainn an Chnoic** ag síneadh siar cois chósta chomh fada le **Carna** bheadh an ceantar Gaeltachta is láidre agus is fairsinge sa tír, le stádas A agus daonra de thart ar 10,000 ina gcónaí ann.

Bheadh stádas B ag ceantar **Corr na Móna**, agus ag **Gleann Trasna** is **Leitir Móir na Coille**. Stádas C a bheadh ag an gceantar thart ar an Mám, ceantar Bun an Chnoic in aice leis an **Sraith Salach** agus ag ceantar mór ar an dtaobh ó dheas den bóthair go **Uachtar Ard** a thimpeallaíonn **Maigh Chuilinn** agus a shúineann ón **Corrbhaile trí Ogúil, Cnocán Riathní, Sliabh an Aonaigh** chomh fada siar leis an **mBaile Nua**.

Ní bheadh aon cheantar Ghaeltachta fágtha in **Iarthuaisceart Chonamara** mar go gcaillfeadh **Inis Né** agus na pócaí eile thart ar **Cloch na Rón** an stádas Ghaeltachta atá acu faoi láthair. Sa tábla thíos tugtar na figiúirí le haghaidh cuid dena háiteacha a chaillfeadh stádas Gaeltachta.

Cuid dena ceantair i nGaeltacht na Gaillimhe nach shásódh na critéir teangeolaíoch le aitheantas Ghaeltachta a choinneal.

Ceantar	% Cainteoirí Laethiúla Gaeilge (2006)	% Teaghlaigh a Thuill an Deontas Iomlán (2006/2007)
Cathair na Gaillimhe	16	1.4
Bearna	29	5
Maigh Chuilinn	29	4.5
An Fháirche	24	5.4
Baile an Chláir	17	1.0
Eanach Dhúin	16	0.5
Carn Mór	23	0.8
Inis Ní	19	0.0

Bheadh deireadh chomh maith le Gaeltacht Chathair na Gaillimhe agus leis an nGaeltacht taobh thoir den Choirib. Chaillfeadh Maigh Chuilinn agus Bearna stádas Ghaeltachta chomh maith.

Toghchán an Údaráis:

Sa gcás go mbeadh an chéad toghchán eile le ionadaithe ón bpobal a thoghadh ar Bhord Údarás na Gaeltachta á reachtáil do réir na dteorannacha Gaeltachta atá ann faoi láthair, tá faighte amach agam san anailís seo go mbeadh níos mó vótaí ag daoine a bhfuil cónaí orthu i gCathair na Gaillimhe ná mar a bheadh ag vótóirí sa cheantar mór óna Forbacha siar go Carna – an chuid sin de Ghaeltacht Chonamara ina labhartar Gaeilge mar theanga pobail. Do réir na figiúirí ón Daonáireamh 2006, a tugadh dom, tá beagán os cionn 32,000 duine 20 bhliain d’aois nó níos mó i nGaeltachtaí na Gaillimhe idir Cathair is Contae, a bheadh i dteideal vótáil i dtoghchán an Údaráis mar go bhfuil cónaí orthu sa Ghaeltacht oifigiúil. Tá 10,300 acu ina gcónaí i gCathair na Gaillimhe agus tá 9,700 ina gcónaí sa cheantar Gaeltachta a shíneann cois cósta óna Forbacha siar go Carna. Léiríonn an tábla thíos an briseadh síos a bheadh ar líon na vótóirí i dtoghcheantar na Gaillimhe do thoghchán an Údaráis:

Ceantar Ghaeltachta	Líon an Daonra sa gCeantar atá 20 bl. d’aois nó níos mó	% den Iomlán
Cathair na Gaillimhe	10,300	32%
Conamara Theas	9,700	30%
Achréidh na Gaillimhe	4,800	15%
Dúiche Sheoighe	1,800	6%
Bearna/Maigh Chuilinn	4,600	14%
Oileáin Árann	900	3%
An t-Iomlán	32,100	100%

Nóta: Tá an figiúr a thugtar bunaithe ar líon na ndaoine a bhí 20 bhliain d’aois nó níos mó in Aibreán 2006, tógtha go dtí an 100 is gaire. D’fhéadfadh líon na vótóirí a bheith beagán níos airde ná sin os rud é go bhfuil duine i dteideal vóta a chaitheamh ar shroicint 18 mbliana d’aois.

Céard a Tharlaíonn Anois:


Faoi láthair tá na moltaí atá sa Staidéar Teangeolaíoch á chur faoi bhráid Coiste Chomhaireachta an Rialtais faoi chathaoirleacht Bhrian Cowen. Tá sé ráite ag an Aire Éamonn Ó Cuív go mbeidh cinneadh déanta ag an gCoiste Chomhaireachta roimh deire na bliana. Is deacair é sin a chreidiúnt os rud é gur thóg sé 6 mhí ar an gCoiste Chomhaireachta tíoct le chéile agus fiú amháin ansin ní raibh i láthair ach triúr as an seachtair. Theip ar na Airí John Gormley, Noel Dempsey, Micheal Martin agus Mary Coughlan a bheith i láthair ag an gcuirinnú tionscnamh.

Má fhágtar teorannacha na Gaeltachta mar atá, don toghchán a bhéas ann i gceann dhá bhliain eile le ionadaithe a thoghadh ar bhord Údarás na Gaeltachta, is scannal millteanach a bhéas ann. Ach ní fheicim Éamonn Ó Cuív ná aon Aire eile ag moladh teorannacha nua, a mbainfeadh stádas Gaeltachta de dhá thrian dena daoine a bhfuil cónaí orthu faoi láthair taobh istigh de limistéar oifigiúil Gaeltachtaí na Gaillimhe.

Molaimse go mbunófaí Coimisiún de cúigear - ceathrar saineolaithe faoi chathaoirleacht Bhreitheamh Ardchúirte – agus go dtabharfaí na critéir atá molta sa tuarascáil dóibh leis na teorannacha a shocrú. Bheadh orthu cuid mhaith dena togharoinn a bhriseadh suas le cothrom na féinne a thabhairt do chuile cheantar. Ba cheart 6 mhí a thabhairt dóibh leis an obair a dhéanamh agus mar chuid den próiseas, ba cheart go bhfoilseofaí dréacht tuarascáil le moltaí le deis a thabhairt don pobal agus do eagraíochtaí pobail a dtuairimí a thabhairt agus aigheachtaí a dhéanamh. Dá mbeadh ceantar le gearradh amach, ba cheart go bhféadfadh daoine agus eagraíochtaí a gcás a dhéanamh agus a dtuairimí faoin gceist a chur os comhair an Choimisiúin.

Tá an contúirt ann má fhágtar é faoi na polaiteoirí, go gcuirfear é ar an méar fhada nó má dhéantar é, beidh sé déanta ar mhaithe le vótaí a chosaint in áit an Ghaeltacht a shlánú. Rinne polaiteoir praiseach de na teorannacha Gaeltachta cheana agus níl cúis ar bith lena ceapadh nach ndéanfaidís praiseach dhó arís, má fhágtar fúthu é.

Má ghlactar leis na critéir sa Staidéar Teangeolaíoch beifear in ann tabhairt faoi phleanáil teanga sna ceantracha Gaeltachta atá fágtha, i mbealach tomhaiste agus i mbealach a fhéadfadh an taoille a chasadh. Má leantar ar aghaidh, leis na teorannacha mar atá siad, ní bheidh aon teorannacha ag teastáil leis an nGaeltacht a sháinniú i gceann scór nó tríocha bliain eile, mar nach mbeidh aon phobal ann ina bhféadfaí a rá go bhfuil an Ghaeilge in uachtar mar theanga cumarsáide i measc an phobail.



Donncha Ó hÉallaithe

Bretton Motors

Leitir Mealláin

Gach cinéal car ar fáil

Le praghas agus eolas a fháil cur glaoch air Breandán 087-9497485/087-9497495

Tá cúlra agus banna ag dul le gach car

Gach ádh leis an bhFéile



Aisteoirí ó S.N. Thír an Fhia (thuas) agus S.N. An Droma ag Féile RéaltÓga 2008

Oifig an Phoist

Leitir Mealláin

SIOPA, CALOR KOSANGAS, BRÍCÍNÍ MÓNA & GUAL

Fón: 091-551101

Go n-éirí go geal leis an bPléaráca





PÁDRAIG FOLAN

Bainisteoir / Stiúrthóir

Gach cinéal trealamh innealtóireachta ar fáil
Glanadh suíomh, leagan foirgnimh
Solátharí & seachadadh ábhar -
cloch ghearrtha, graibhéal, gainimh & créafóg

Sea View House, Leitir Mealláin, Co. na Gaillimhe.

Fón: 091-551800

Faics: 091-551802

Fón Póca: 086-2425300

E-phost: pfce@eircom.net

Forbairt Pobal Teanga Cultúr



Ag obair ar son phobal na Gaeltachta agus na Gaeilge

Na Forbacha
Co. na Gaillimhe
/ Co. Galway
Teil./Tel: (091) 503100
Facs./Fax: (091) 503101

Baile Mhic Íre,
Maigh Chromtha,
Co. Chorcaí
/ Co. Cork
Teil./Tel: (026) 45366
Facs./Fax: (026) 45423

Páirc Ghnó Ghaoth Dobhair
Doirí Beaga
Co. Dhún na nGall
/ Co. Donegal
Teil./Tel: (074) 9560100
Facs./Fax: (074) 9560101

Páirc Ghnó an Daingin
An Daingean,
Co. Chiarraí / Co. Kerry
Teil./Tel: (066) 9150100
Facs./Fax: (066) 9150101

An Áislann,
Béal an Mhuirthead,
Co. Mhaigh Eo / Co. Mayo
Teil./Tel: (097) 81418
Facs./Fax: (097) 82179

e: eolas@udaras.ie

w: www.udaras.ie



 **Údarás na Gaeltachta**

Scléip na Féile in Árainn



Litir ón mBhuiséil

ó Phéigí Ní Chonghaile

Tá muid anseo sa Bhruiséil le hocht mí anois. Bhog mé féin, Kevin agus ár n-íníonacha Bríd Eileanór agus Niamh anseo ag deireadh Lúnasa seo caite. An Nollaig roimhe sin fuair Kevin tairiscint ar phost ag obair le hIonadaíocht na hÉireann chuig an Aontas Eorpach agus shocraigh muid go dtógfadh sé an post agus go n-aistreadh an chlann uilig chuig an Bhruiséil ar feadh roinnt blianta. Bhí ocht mí againn chun réiteach agus pacáil a dhéanamh, tréimhse i bhfad ró-fhada mar d'fhág sé an iomarca ama againn chun smaoineamh agus ceistniú an raibh muid ag déanamh an rud ceart. Ach ar aon nós ar an 27 Lúnasa, d'eitil muid ó aerfort na Gaillimhe go BAC agus as sin go dtí an Bhruiséil. Ba dúshlán nua dúinn é – blaiseadh a fháil ar shaol na hEorpa, conaí i gcathair in áit ceantar tuaithe cois cósta agus ceantar gaeltachta lena chois sin, teangacha nua a fhoghlaim agus taisteal a dhéanamh ar an Mór-roinn. Bhuel, tá muid ag déanamh na rudaí sin ar fad de réir a chéile ach ar dtús bhí orainn cleachtadh a fháil ar an saol praiticiúil laethúil a bhí muid chun a mhaireachtáil, sin ag freastal ar phostanna nua, ar scoileanna nua agus ár mbealach a fháil thimpeall na cathrach seo ar í ceanncheathrú an Aontais Eorpaigh í.

Tá an t-ádh orainn go bhfuil muid ina gconaf i gceantar deas i ndeisceart na cathrach ar a dtugtar Uccle agus go bhfuil muid lonnaithe gar don scoil a bhfuil Bríd Eileanór agus Niamh ag freastal uirthi. Scoil Eorpach í seo agus tá cheithre cinn díobh sa Bhruiséil. Bunaíodh iad chun freastal ar chlanna na bhfostaithe ó thíortha éagsúla an Aontais atá ag cur futhú sa gcathair. Tá ós cionn 3000 scoláire ag freastal ar Scoil Eorpach Uccle, idir an réamhscoil, bunscoil agus iarbhunscoil. Samhlaigh Bríd Eileanór agus Niamh an chéad lá ag siúl isteach geataí an institiúid seo agus cleachtadh acu go dtí sin ar Scoil Sailearna in Indreabhán nó Coláiste Croí Mhuire sa Spidéal. Cuireann na scoileanna eorpacha béim mhór ar theagasc teangacha agus tá mo bheirsa go dian dícheallach ag tabhairt faoin bhFraincis a fhoghlaim ach sílim uaireanta go gcloisim níos mó na

Fraincis faoina n-anáil agus iad ag déanamh a n-obair bhaile. D'éirigh liom féin post a fháil ag múineadh Gaeilge i gceann eile de na scoileanna eorpacha i gceantar Ixelles. Tá stádas speisialta ag an nGaeilge sna scoileanna eorpacha agus bhí sé seo acu fiú sula raibh stádas oifigiúil ag an teanga san AE. Bíonn na tuismitheoirí Éireannacha ag iarraidh go mbeidh tuiscint ag a gclann ar an teanga. Fáth amháin leis seo ná go mbeidh cuid acu ag filleadh ar chóras oideachais na hÉireann taréis cupla bliain agus go dteastóidh an Ghaeilge uathu ach tá fáth eile leis freisin. Cosúil le chuile dhream a bhíonn imithe as a dtír féin, bíonn said ag iarraidh a n-aitheantas náisiúnta féin a chur ina luí ar a gclann. Is mionlach iad na scoláirí Éireannacha sna scoileanna Eorpacha, tá uimhir i bhfad níos airde iontu de scoláirí ón Spáinn, ón Fhrainc, ón nGearmáin agus ó bhaill stáit eile an AE. Ach ón méid atá feicthe agamsa ó m'achar gearr anseo, seasann na hÉireannaigh amach. Mar shompla, chuir muid ceilí ar bun sa scoil do Lá Pádraig. Léirigh na gasúir Éireannacha na damhsaí ar dtús agus ansin ghlac gasúir ó thíortha eile páirt. Bhaineadar uilig an-spraí as agus ag tráth éigin chuala mé cailín óg ó thír eile ag cogarnaíl lena cara i mBéarla briste agus í ag rá 'Ba bhreá liom a bheith i m'Éireannach'.

Agus céard faoin gcathair féin? Níl sé deacair do bhealach a dhéanamh timpeall na Bruiséile. Tá córas taistil poiblí iontach ann idir tramanna, metro, busanna agus traenanna. De réir a chéile tá muid ag cur aithne ar áiteacha difriúla sa gcathair. Tá an ceantar thart ar timpeallán Schumann, áit a bhfuil foirgneamh mhór an Choimisiúin Eorpaigh, an Berlaymont agus go leor oifigí eile de chuid an AE. Tá an ceantar timpeall Sablon, áit a bhfuil seaneaglais álainn lena fuinneoga gloine daite is deise da bhfaca mé ariamh. Tá an dánlann náisiúnta agus an t-ionad ceoil náisiúnta lonnaithe sa gceantar seo freisin i bhfoirgintí seanda breátha. Tá cáil ar Sablon le haghaidh seandachtaí agus tá go leor siopaí spéisúla timpeall na háite. Gach Domhnach bíonn margadh mór faoin aer ann ag díol



Halla na Cathrach, An Bhruiséil

gach cineál, ón rud is saoire go dtí an rud is daoire. Is breá an chaoi é chun píosa den Domhnach a chaitheamh ag siúl thart ann ag breathnú tríd na seastáin éagsúla. Ar ndóigh tá an Grand Place ann, seo lárionad na Bruiséile, cearnóg timpeallaithe ag seanfhoirgintí breátha a thóg mangairí saibhre na cathrach sa 15 agus 16 aois. Tá siad tógtha sa stíl ghotach agus iad go hálainn. Tugann gach cuairteoir nó turasóir a thagann go dtí an Bhruiséil cuairt ar an Grand Place agus cosúil le gach áit a mbíonn aghaidh na ndaoine tá na sráideanna thart timpeall air plódaithe le bialanna agus siopaí. Rud amháin faoin gcathair seo, níl aon easpa bialanna ann. Deirtí faoi bhailte agus chathracha na hÉireann gur tithe ósta a bhí i chuile dhara teach (ar ndóigh tá an cultúr sin ag athrú anois), ach is amhlaidh anseo é ag na bialanna. Tá gach cineál bialann ann - Síneach, Téalannach, Rúiseach, Slóivéineach, Ungárach. Ní dóigh liom go bhfuil mórán cineál beatha ar domhan nach mbeifeá in-ann béile a fháil réitithe as sa Bhruiséil. Agus ná labhair ar sheacláid, tá na siopaí seacláide chuile áit. Tá cáil le fada an lá ar sheacláid na Beilge agus tá sé fós dá dhéanamh agus dá dhíol go tréan.

Maidir le muintir na Bruiséile féin, tá sé deacair uaireanta a dhéanamh amach cé hiad féin mar tá an oiread sin meascán de náisiúin dhiifrúla an domhain sa gcathair. Bíonn sé seo fíor faoi chuile phríomhchathair ach mar gheall gur í an Bhruiséil ceanncheathrú riaracháin an AE tá daoine as chuile thír san Eoraip anseo chomh maith le pobal mór ón mheán oirthear, agus an teanga nó na teangacha. Sa mbaile i gConamara, is iomaí uair a chuir mé an cheist taréis diaspóireacht fhada eile faoi thodhchaí na teanga bheith curtha dinn againn 'Meastú cé faoi a mbeadh muid ag caint anois murach gur sa nGaeltacht a rugadh muid?' Bíonn muid seasta coinsiasach gur dream Gaeltachta muid agus go bhfuil ár dteanga dúchais faoi bhrú. Bhuel anseo sa Bhruiséil nó ar fud na Beilge, tá caint tarringithe ag teangacha freisin. Tá an Bheilg roinnte i ndá leath. Sa tuaisceart, tá An Fhlondras ina labhartar Pléimeannais agus sa deisceart tá an Wallóin áit ar í an Fhraincis an phríomhtheanga. Tá an Bhruiséil suite sa bhFlondrais ach de bhrí gur í an phríomhchathair í agus agus lár ionad riaracháin an AE, tá an Fhraincis i gceannas anseo. Tá teannas mór idir an dá cheantar agus an dá theanga. Bhí ciréibeanna sa Bhruiséil sna seascaidí de bharr an teannais seo.

Tháingthas ar shocrú agus mar chuid de, reachtáilleadh go mbeadh gach cineál fógra sa Bhruiséil i dhátheangach. Ní fheicfidh tú ticéad traenach, biachlár, fógraí pictiúrllanna nó aon fhógra poiblí anseo nach bhfuil scríofa i bPléimeannais agus i bhFraincis. Agus má tá tú ag iarraidh post i siopa nó aon phost ina bhfuil tú ag freastal ar an bpobal, caithfidh tú an dá theanga a bheith agat. Go gairid taréis dúinn cur fúinn sa Bhruiséil bhí toghchán náisiúnta acu agus thóg sé sé mhí orthu rialtas a chur le chéile agus níl rudaí an-seasmhach fós. Tá páirtithe áirithe ag iarraidh go roinnfí an Bheilg ina dhá leath agus go mbeidh An Fhlondrais agus an Wallóin ina dhá stát neamhspleách.

Ó thuaidh den Bhruiséil, leathuair an chloig taistil ar an traen tá cathracha Brugges agus Ghent. Bhí an-tábhacht leis na cathracha seo fadó ó thaobh tradála mar go raibh said suite ar aibhneacha an Scheldt agus an Zwin agus iad lárnach ar an rúid thrachtála idir oirthear an domhain agus Sasana. Is tráchtáil táipéis, teicstlí agus lása is mó a déanadh agus charnagh mangairí na gcathracha seo an t-uafás airgid. Thóg siad tithe agus foirgintí áilne atá le feiceáil fós agus bhí siad ina bpátrúin

ag na péintéirí móra a bhfuil a saothair ealaíne le feiceáil fós ar nós na deartháireacha Van Eyck. Tá sé deacair lása beilgeach a fháil anois agus má fhaigheann íocfaidh tú go daor as. Cosúil le go leor ceirdeanna láimhe tá déantús lása imithe i léig agus is lása as an tSín agus tíortha eile san oirthear is mó a fheicfidh tú dá dhíol anois. Bhí an lá ann go raibh teaghlaigh ríoga na hEorpa ar fad ag caitheamh an lása beilgeach agus beagnach gach cailín óg sa mBeilg fostaithe ag déanamh an lása seo.

Go deimhin, is iontach gur tháinig ailtireacht cathracha ar nós Brugges agus Ghent slán nuair a smaoiníonn tú go raibh an Bheilg ina páirc catha le linn an Chéad agus an Dara Cogadh Domhanda.

Tá muid ag cur eolas ar an mBruiséil agus ar an mBeilg de réir a chéile agus ar ndóigh an rud iontach faoin áit seo ná go bhfuil sé éasca do bhealach a dhéanamh chuig tíortha eile na hEorpa. Ní gá duit eitilt, is féidir an traen a thógáil nó tiomáint. B'fhéidir nuair a bheidh tuilleadh den mhór-roinn seo feicthe agam go seolfainn litir eile.

Go n-éirí go geal leis an bPléaraca.

Clár Litríochta & Drámaíochta

An Chiorcal Scríbhneolreacht:

Tá an Chiorcal ar bóthar le fada an lá, agus ag éirigh thar barr leis. I mbliana tá muid ag déanamh freastal ar cheithre scoil, Scoil Chuimsitheach Chiaráin, Scoil Phobail Charna, Coláiste Chroí Mhuire agus Gairmscoil na bPíarsach, Rosmuc. Éiríonn go maith le scoláirí an Chiorcal agus tugann sé an-spreagadh dóibh.

Dramaíocht sna Bunscoileanna:

Tá ag éirigh thar-barr uilig leis an Dramaíocht. I mbliana tá muid ag déanamh freastal ar deich scoil, le cúnadh Dé beidh muid inann freastal ar níos mó scoileanna amach anseo.

Scríbhneoirí Conaltheach sna Bunscoileanna:

Tá ag éirigh go maith leis seo chomh maith, tá muid ag déanamh freastal ar dhá scoil i mbliana.

Leltheolreacht:

Tá Beartla Broc fós ar an mbóthar, ag dul thart ag léamh leabhra Gaeilge do phaistí an cheantair. Bhí sé an-ghnóthach roimh na Nollag. Sheol muid a leabhar féin ag Féile Bricíní 2007. Tá an leabhar ag díol go maith.

Fuinn Focal:

D'éirigh an-mhaith le féile Fuinn Focal na bliana seo. Bhí scoláirí as Gaoth Dobhair, Carna agus An Cheathrú Rua i láthair. Béidí gur bhfuí an fhéile a thabhairt ar thuras amach anseo.

Bricíní:

Reachtaladh féile Bricíní 2007 ar an 8 & 9 Nollag. D'éirigh go maith leis an bhféile cé gur chur cúrsaí aimsire beagán as dúinn. Seoladh leabhar Bheartla Broc ag an bhféile chomh maith. Díoladh luach 4.000 mhíle do leabhra.



Leabhar Bheartla Broc (Beartla Broc & na Focail Drámaíochta) ar díol ag Féile Bricíní.

Realtóga:

Eagraíodh an féile dhá lá drámaíochta seo ar an 9 & 10 Aibreán i gColáiste Chuimhneacháin an Phiarsaigh. Bhí an Chiorcas Beag i láthair chomh maith le Siamsaíocht a chur ar siúl idir na drámaí.

Scríbhneolreacht Scripte:

Tá Eagarthóir Scripte Ros na Rún, Kate Ní Fhlátharta, i mbun oibre i gColáiste CholmCille le roinnt míonna anuas. Tá siad ag dul ar aghaidh go maith. Tá siad ag obair ar script agus tá súil againn é a thaifead i Mí Bealtaine.

le
Máire Áine Ní Mháille (Oifigeach Ealaíona Phléaraca)

"Go Maire tú an Céad" agus tá sé déanta aici

Nóra Bn. Uí Mhainín as Cill Bhriocáin, Rosmuc ag ceiliúradh a lá breithe 100 bliain i dteanta Anna, bean a mic Mattie, nach maireann agus comharsa béal dorais Mattie Phetir Pheadair Ó Neachtain. Bhí a garchlann, a gclann sin, gaolta, comharsana agus agus muintir an phobail ag an Aifreann a léigh an tAthair Considine agus ag an gceiliúradh go maidin ina dhiaidh sin a d'eagraigh Anna in ómós na hócáide. An t-aon scamall ar an ócáid, ná nach raibh a mac Mattie a fuair bás go hóg naoi mbliana ó shin ina dteanta. Go deimhin d'airigh gach duine uathu é, fear uasal go ndéana Dia Trocaire air.

Ba as Snábó, Nóra ó dhúchas, Nóra Bheartla Breathnaigh. Ba as ceantair na Coille Móire dá máthair Maggie, Margaret Conneely roimh phóstadh di.

Bhí dhá dhuine dhéag acu sa gclann, Molly, Babe, Kate, Annie agus Packie a chuaigh go Meiriceá. Willie a bhí sa Nua Shéalainn, Cólman a chuaigh go Sasana, Maggie a bhí pósta i mBaile Átha an Rí, Julia i nGlinn Chatha, Rosmuc agus Maidhc a bhí sa mbaile i Snábó. Fuair duine den chlann bás ina pháiste an-óg. Chaith Nóra chúig bhliana go leith i Meiriceá. Tar éis pósadh do Nóra chaith sí fhéin agus a fear Máirtín

blianta fada ag rith teach lóistín. Bhíodh sí ag freastal do os cionn scór duine agus bhíodh daoine ag fanacht aici i rith na bliana. Is ann a d'fhanadh teaghlaigh a thagadh don cheantar ar saoire sa samhraidh. Bhíodh dream ag fanacht aici a bhíodh ag freastal ar chúrsaí Gaeilge, ábhair Sagairt, múinteoirí scoile agus dream a bhíodh ag obair sa gceantar. Ba cairde mór le Nóra agus le Máirtín, Séamus Ennis agus a mhuintir agus chaitheadh siad píosaí móra leo. Bhí seisear fear as Baile Átha Cliath ag fanacht aici le linn do Dhroichead Choill Sáile a bheith á thógáil. Ní raibh caint ar inneall níocháin an uair sin a deir Nóra ach a gcuid éadaí oibre a thabhairt soir sa ngarraí agus pota mór uisce a fhiuchadh agus iad a sciúradh ar an washboard. Is cosúil nach bfuil aon dochar san obair chrua mar rinne Nóra neart de.

Ba é an t-am ab fhearr dá saol, a deir sí, agus is mó a bhain sí sásamh as, ná ina gasúr ag bualadh báire in éineacht leis na leaids, agus nuair a thosaigh na céilithe sa gColáiste Tin mar a thugtaí uirthi, Coláiste

Chuimhneacháin an Phiarasigh. Ní raibh aon jab róchrúa, bhíodh móin á ghróga scioptha an uair sin agus chuile rud déanta in am tráthnóna ach tú a ligeann ag an gcéilí. Bhíodh a deartháir Maidhc ag ceol ar an gcairdín, bhíodh sé ag ceol sa gColáiste i dteanta ceoltóirí eile a bhíodh ag freastal ar an chúrsaí Gaeilge ansin agus freisin ag time sna tithe. Tá an spraoi agus an greann ag baint le Nóra i gconaf. Bhí seisear nó seachtar bráithre ag fanacht aici uair amháin a deir sí. Bhí siad ag dul suas bóithrín Theach an Phobail an mhaidin Domhnaigh seo agus casadh an seanfhear seo orthu. 'Dia dhaoibh a mhná' a deir sé, 'más mná nó fir sibh.'

Comhghairdeas leat a Nóra!



Áine Bn. Uí Mhainín, Nóra Bn. Uí Mhainín & Mattie Ó Neachtain

Seirbhísí Eolais don Phobal

faoi scáth

Chumas Teo. Páirtíocht Chonamara & Árann

Citizens Information Board

Ag cur i bhfeidhm an Chlár Forbartha Áitiúil Sóisialta atá a n-ádh ag Pobal Teo.



Clár ama an tSeirbhís Eolais don Phobal

CEANTAR	OIFIG FO-ROCHTA	LAETHANTA GACH MÍ	AM
Ros Muc	Beidh Oifigeach ar fáil i Ros Muc gach lá den tseachtain ón 9.30 r.n. - 4.30 i.n.		
Iorras Aithneach	Teach an Udarais	An dara & an ceathrú Aoine	10.30 r.n. - 1.00 i.n.
An Cheathrú Rua		An chéad & an tríú Déardaoin	10.30 r.n. - 1.00 i.n.
Ceantar na nOileán	Spórtlann Mhichael Mhoir, Páirc a'Mháimín	An chéad & an tríú Déardaoin	02.00 i.n. - 4.00 i.n.
Cois Fharraige	Oifig an Chomhar Chreidmheasa	An dara & an ceathrú Máirt	10.30 r.n. - 1.00 i.n.
Dúiche Sheoighe	Oifig C.D.S.	Gach Céadaoin	02.00 i.n. - 4.00 i.n.
An Caiseal	Ionad Pobail an Chaisil	An dara Céadaoin	11.00 r.n. - 1.00 i.n.

Clár ama an tSeirbhís Eolais don Phobal Na Trí Oilean Árann

CEANTAR	OIFIG FO-ROCHTA	LAETHANTA GACH MÍ	AM
Inis Mór	Oifig an Chomhar-chumainn	An ceathrú Déardaoin	10.30 r.n. - 4.00 i.n.
Inis Meáin	Oifig an Chomhar-chumainn	An dara Déardaoin	10.30 r.n. - 4.00 i.n.
Inis Oírr	Oifig an Chomhar-chumainn	An tríú Máirt	10.30 r.n. - 4.00 i.n.

Ar oscailt chuile lá

Fón: 091-553343
www.spailpin.com

Buail isteach chuig siopa

AN SPAILPÍN FÁNACH

Ceardlann an Spidéil

T-Léinte
Hoodies
Leabhair
Ceol
Féiríní do pháistí

Cailíní Dána Chonamara

Níl ann ach tamall beag de bhlianta ó shin ó d'fhógair Teachta Dála áirithe gur cheart cosc iomlán a chur ar a dhíol geansaithe cochaill, nó "Hoodies" mar is fearr aithne orthu.

Ball éadaigh fíor-phraicticiúil é an cohall, go speisialta leis an aimsir a bhíonn againne anseo in Éirinn, agus san iarthar ach go háirithe, iad breá te agus teolaí...agus is féidir dul i bhfolach an-éasca iontu. Ar ndóigh sin é an fáth a dtug Michael Noonan suntas dóibh...áis don choiriúlacht.

Chuile áit a chasann tú na laethanta seo tá cailíní dána. Ag siúl bóithríní Chonamara ina dtréada...Hoodies, Hoodies, Hoodies. "Cailín Dána", "Buachaill Dána", leaids agus cailíní "Déanta in Éirinn". Tá lucht báid agus "Húicéirí na Gaillimhe" á gcaitheamh, lucht pórtair agus lipéad Guinness i nGaeilge acu, ceoltóirí óga agus "Ceol agus Craic" acu.

B'fhacthas na hoodies seo ar dtús sa gceantar nuair a fuair na féilte báid, geansaithe cochaill lena gcuid suaiteantais féin orthu (Tá corr gheansaí a déanadh breis agus deich mbliain ó shin do Fhéile Chuigéil fós ag cicéail thart), ach déanadh do go leor féilte eile iad ó shin.

Deir muintir An Spailpín Fánach, a chuireann formhór na gcohall seo ar fáil, gurb iad lucht na gcoláistí samhraidh a chuir tús leis an bhfaisean mór seo sa gceantar. I dtosach b'iad na scoláirí amháin a bhí ina gcailíní agus ina mbuachaillí dána ach anois tá an faisean scaipthe go tréan i measc dream óg na háite. Agus cén fáth nach mbeadh? Tá na cochaill seo tarraingteach, faiseanta, ioldaite, agus ar ndóigh, praicticiúil.

Bíonn daoine i gcónaí ag faire céard é an stíl agus an dearadh is déanaí atá ag teacht ar an margadh, dar le Hedi, atá ina bainisteoir siopa sa Spailpín Fánach. Agus céard é an ceann is mó tóir faoi láthair? Le tamall anuas bhí go leor daoine ag iarraidh an dearadh "Dána ach Deas". Tá baint nach beag aige sin le "Pirates of the Carribean". Tá dearadh úrnua againn anois "Tabhair dom an Cáca Milis", bunaithe ar fhógra teilifíse Carlsberg. Stíl nua gheansaí é seo, an-fhaiseanta agus feictear dúinne go bhfuil sé go hálainn, agus iontach tráthúil."

Tá muid ag smaoineamh ar dhearadh eile bunaithe ar rap Des Bishop, "Léim Thart" Tá réimse mór geansaithe cohall ag An Spailpín Fánach a fheileann do ghasúir agus daoine fásta, agus tá toisí suas go XXL acu.

Bíonn siopa An Spailpín Fánach ar oscailt i gCeardlann an Spidéil seacht lá na seachtaine agus tá na geansaithe seo uilig agus neart earraí eile ar fáil ar an idirlíon freisin ag www.spailpin.com

Bí sa bhfaisean! Caith cohall ón Spailpín Fánach



Bank of Ireland 

Bain leas

Cibé riachtanas taisce nó infheistíocha atá agat, tá réimse leathan de roghanna ag Banc na hÉireann duit.

Le tuilleadh eolais a fháil, buail isteach chuig Banc na hÉireann, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, fón: (091) 524555.

Nó déan teagmháil le Bank of Ireland 365 ag 1890 365 365 nó tabhair cuairt ar www.bankofireland.ie

as do chuid airgid.

Rialaítear Banc na hÉireann ag an Rialálaí Airgeadais.

Cogaslann Agatha

Poitigéir Teaghlaigh Áitiúil



Comhairle Poitigéara
Pharmacist Advice

Oidis
Prescriptions

Áilleacht & Íocshláinte
Health & Beauty

Agatha Bn. Uí Mhistéil
An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe

Fón: 091-595168 Faics: 091-595154
cogaslannagatha@gmail.com

MICHAEL FOLAN

INNEALRA AR CÍOS

BLASTÁIL LE GÁS

Bealach bog sábhailte le cloch crua
a bhriseadh


Tolladh Cloch & Gáis
Réiteach Suíomh & srl.

Fón: 091-556161
Fón Póca: 087-2788664



Cló Iar-Chonnachta

Indreabhán, Co. na Gaillimhe
Teil: 091 593307 Facs: 091 593362
cic@iol.ie www.cic.ie



Ciarán Ó Fátharta – Amhráin
Síle Denvir (eagarthóir)
Clúdach Bog €10

Cnuasach breis agus tríocha amhrán ó Chiarán Ó Fátharta, ina measc, 'Amhrán na mBáid Mhóra', 'Amhrán Ráth Cairn', 'An Séipéilín', 'Bearáilte', 'Brig St. John', 'Maggie Thatcher', 'Exhaust Pipe' agus go leor eile nach iad.

MIANAIGH GHLEANN GABHLA

Uachtar Ard, Co. na Gaillimhe.
Teil: 091-552360

Seanmhianach Luaidhe
agus Airgid ón 19ú haois

Turais eolais gach 20 nóiméad



Bean an Tigh: Therese Conroy
Scrib, Ros Muc, Conamara, Co. na Gaillimhe.
Teil: 091 574139 / 087 6360039;
Ríomhphost: dunmanusbandb@hotmail.com

Meitheal Éisc Teo.

Soláthairtí Bradán

Leitir Mealláin, Co. na Gaillimhe



Fón: 091-551365

Go n-éirí go geall leis an Phléaráca

Arramara Teo.

Cill Chiaráin,
Conamara,
Co na Gaillimhe



Fón
095 33404/33417
Facs
095 33494
e-phost: info2@arramara.ie
www.arramara.ie



Indreabhán,
Co. na Gaillimhe.
Fón: 091 593301
Facs: 091 593303

Troscán & Soláirtí Oifige



Cartai Bainise



AON ÁBHAR ATÁ UAIT I gCÓIR NA hOIFIGE
TÁ SÉ AGAINN

Go n-éirí an t-ádh le Féile Pléaráca 2007

Comharchumann Forbartha Árann Teo.

Seirbhísí ar fáil:

Forbairt Pobail

Giomnásiam

Ionad IT

Breosla Árann

Cúrsaí ar siúl

Seirbhísí Oifige

Cóipeáil

Clóscríobh

Priondál

Uaireanta Oifige

Luan - Déardaoin Aoine
9.00m. - 5.00in. 9.00m. - 4.00in.

Lón:

1.00in. - 2.00in.

Cill Rónáin, Inis Mór, Árann,
Cuan na Gaillimhe

Fón: 099 61354/61394 Facs: 099 61454

Tí Catherine



Catherine Mulkerrin, Bed & Breakfast
Cill Rónáin, Rooms En-Suite
Oileán Árann, Co. na Gaillimhe
Fón: 099-61464

Jacinta Bn. Uí Fhlatharta

Leitir Mealláin

Fón: 087- 8391386

MIRI

Reflexology & Indian Head Massage

Ádh mór ar an bhFéile

Fuinneoga Atlantach Teo.

Fuinneoga, Doirse, srl
Upvc nó Alúmanam & Seam Less Gutters

Colm Ó Maoláin nó
Colli Rua
Indreabhán
Co. na Gaillimhe

Fón: 091 - 553336
Fón Póca: 086 - 8180009

Colm Mac Donnacha
Poll Uí Mhuirinn
Leitir Mealláin
Co. na Gaillimhe

Fón: 091 - 551256
Fón Póca: 086 - 8364643

Tigh Joe Mac's

Cill Rónáin, Inis Mór

Ceol, Craic & Bia

Fón: 099-61248

Maitiú Ó Máille



Pláistéir

087-1215716
091-786140



Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe

IONAD OIDEACHAIS SHEACHTRAIGH

Ceapach na gCapall

Suíomh:

Tá an t-ionad suite ar bhruach Loch Measca, le Loch Coirib ag síneadh ó dheas, Sléibhte Mhám Tuirc san lathar agus machairí aolchloch na Gaillimhe agus Foraoisí Stáit san oirthear. Tá Ceapach na gCapall suite i gceantar fíor álainn agus tá 15 acra tailte cóirithe mórthimpeall an ionaid chomh maith le 15 acra ar an oileán Rua, 300 méadar ó thanalacht Loch Measca.

Áiseanna:

Tá áit chodlata do suas le 100 duine ar fáil san ionad agus i dTeach Mór Cheapach na gCapall féin. Tá suanliosanna agus seomraí ar fáil, ag brath ar éileamh na ngrúpaí éagsúla. Tá áiseanna campála ar fáil sa deá láthair campála ar an suíomh. I measc na n-áiseanna eile tá seomra bia mór, seomra teilifíse, seomra le hedaí a thriomú, garraí mór do pháistí le cluichí a imirt, cúirt cispheile, deis cócaireachta faoin aer, suíomh tine champa.

Gníomhaíochtaí — Ar an suíomh

- Eachtraíocht faoin aer do ghrúpaí lae agus do ghrúpaí cónaithe
- Staidéar Dúlra: Geolaíocht, Tíreolaíocht agus Eiceolaíocht do mhic léinn iarbhunscoile agus tríú leibhéal
- Cúrsa forbartha foirne
- Cúrsaí i mBainistiú ar Oideachas faoin aer
- Curachóireacht, dreapadóireacht, rianadóireacht, seolmharcáíocht toinne agus seoltóireacht
- Snámh agus campáil
- Cúrsaí i nGaeilge
- Campaí Samhraidh

Gníomhaíochtaí — fad siúil ón ionad

- Ailleadóireacht
- Dreapadóireacht
- Siúl sléibhe
- Coireoireacht

Tuilleadh eolais ar fáil ó

Patricia Walsh (bainisteoir)

Ionad Oideachais Sheachtraigh Cheapach na gCapall

An Fháirche, Co. na Gaillimhe

Uimhir Ghutháin: 094-9546483/9546416 Uimhir facs: 094-9546705

1896 - Tigh Mhaidhcó - 2008

Rosmuc

Fón: 091-574121

SIOPA & TEACH ÓSTA

Siopa Bia le Peitreal, Flogas, Videos & srl.

Teach Ósta le neart caint, craic, ceol, damhsa & ól.

Gach rath ar Fhéile an Phléaráca 2008

Amharclann Chois Fharraige

Seanscoil Sailearna

Indreabhán

Co. na Gaillimhe

Fón: 091-593017

Facs: 091-593715

Ríomhphost: cst@eircom.net

Vaughan School of Motoring

Scoil Tiomána
Cáilithe le I.S.M
Rialachas Dúbailte
Ceachtanna tiomána tré Ghaeilge nó Béarla

Fón: 087-6438300

Ádh mór ar an bhFéile



COMPLETE
LABORATORY
SOLUTIONS

SAOTHARLANN CHONAMARA TEO

ROS MUC

CO. NA GAILLIMHE

TEIL: 091-574355

INFO@CLS.IE

WWW.COMPLETELABSOLUTIONS.COM

Johnny Lee

Cloch Bhuí, Leitir Mealláin, Co. na Gaillimhe

Fón: 091-551135 / 087-9693239

Fax: 091-551296

Innealra ar Cíos. Gairdín a Réiteach
Patio agus Cosáin a réiteach srl.

Kilronan Hostel

Inis Mór

SEOMRAÍ EN-SUITE

Fón: 099-61255

2 nóiméad ón gcéibh

SAORCLOCH

Éamonn Ó Mainín

Turloch, Rosmuc

**Ballaí Cloch,
Aghaidh Tithe,
Tinteáin**

Fón Póca: 087-6960850

Gach rath ar an bhFéile!

Clár Imeachtaí Phléaráca

Clár Imeachtaí Phléaráca Teo.

Clár Ealaíne don Óige

Ceardlanna Drámaíochta

RéaltÓga - Féile drámaíochta 2 lá do na bunscoileanna

Féile Leabhar Bricíní - Deireadh seachtaine imeachtaí agus díolachán leabhar Ghaeilge do ghasúir agus do dhéagóirí.

Beartla Broc - Club Léitheoireachta do pháistí óga.

Fuint Focal - Deireadh Seachtaine Litríochta do Dhéagóirí.

Ciorcal Scríbhneoirí Óga - Scríbhneoireacht Chruthaitheach do Dhéagóirí

Campaí Samhraidh 2008 - Campa coicíse 30 Meitheamh - 11 Iúil 2008. Aoisghrúpa 6-13 bliain. Imeachtaí: Ealaín, Aisteoireacht, Ceardaíocht, Ceol & Spóirt.



Campa Samhraidh 2008



RéaltÓga 2008



Ciorcal 2008



Ceardlann Peintéireacht 2008



Ceardlann Caoladóireacht 2008

Clár do Dhaoine Fásta

Ceardlanna Oíche agus Deireadh seachtaine do Fhir agus do Mhná - Peintéireacht, Caoladóireacht, Fíodóireacht, Gloine Daite (Stained Glass), Potadóireacht agus Scríbhneoireacht Chruthaitheach

Taispeántais Ealaíne de shaothar na gceardlann

Féile Phléaráca Chonamara - Féile bliantúil atá ar siúl ó 1991

An CyberCaifé - An Caifé Cabach

Seirbhís Leabharlainne

Ionad Seirbhísí Teanga

Seirbhís Oifige agus Eolais don Phobal

Eolas: 091-574346

www.plearaca.ie



Eagraithe le tacaíocht ó Chlár Forbartha Pobail na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe & Gaeltachta (CDP), Ealaín na Gaeltachta, Údarás na Gaeltachta, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe, An Chomhairle Ealaíon, Cumas Teo. & Foras na Gaeilge.

Tá buíochas ag dul do na healaíontóirí, teagascóirí, ceardaithe, múinteoirí, na scoileanna, na coistí áitiúla agus don phobal idir óg is aosta a ghlacann páirt agus a thugann tacaíocht i rith na bliana.

Árd Éinne GUESTHOUSE



Inismór, Aran Islands,
Co. Galway, Ireland.

Tel: +353 99 61126
Fax: +353 99 61388

Email: ardeinne@eircom.net
Web: www.ardeinne.com



Aran - It's a stress free experience

Neylon & Company

Cuntasóirí Cairte

Páirc Teicneolaíochta na Gaillimhe

An Pháirc Mhór, Gaillimh

Iniúcháirí Cláraithe
Comhairle Airgeadais
Pleánáil Cánach
Iarratais ar dheontais Stáit & Iasachtaí
Bunú agus rúnaíocht Comhlachtaí

Déan teagmháil ar do ihoil le Joe Neylon

Teil: 091-735800
Faics: 091-765589
Ríomhphost: info@neylon.ie

Le gach dea-ghuí don Phléaráca 2008


TOH Tomás O' Hare & Associates Industrial-Manufacturing Consultant Engineers

- Feabhsú gnó & próiseais (Engineering & process improvement)
- Sláinte & sábháilteacht san áit oibre (Health & Safety)
- Iniúcháireacht Caighdeán & Innealtóireachta (Quality & Engineering Audits).
- Bog-earra ríomhaireachta (Software for ISO 9001, ISO 17025, SPC and process simulation)

Flexim Simulation Software



PARADIGMSOFTWARE.VIRUS



Smachtú próiseais

Cill Bhriocáin,
Rosmuc, Co. na Gaillimhe.
www.toh.ie
info@toh.ie

Orchard View, Cullentra,
Longwood, Co. na Mí.
Fón: 046-9555885
Facs: 046-9555886

pics. le Bob Quinn, Hedi Gotthalseder agus John Carlos



1998
Micheál Mháire
Ghabha



1999
Tom a' tSeoighe



2000
Breandán Ó Tuairisg



1997
Máirín & Joe Steve
Ó Neachtain



1996
Máire Bn. Uí Chonaola



1995
Máirtín Tom Sheáinín
Mac Donncha



1994
Pádraic Tom Photch
Ó Ceannabháin



2006
Eddie Bheartla Ó
Conghaile



2005
Coiste Choláiste Chumhneacháin an Phiarsaigh


Treasa Ní Mhiolláin 2007



Cé a bheas san spás seo an chéad
bhliain eile?



2001
Máire Welby



2002
Johnny Phádraig
Pheter Connolly



2003
Tomás Mac Eoin



2004
Séamas Ó Cualáin



SÍLE Luan - Aoine
5.30 - 7.00 ar **TG4**

TG4